# Intreoir


Is leabhrán é seo a ullmhaíodh le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí atá ag tabhairt faoi chúrsa GCSE CCEA sa Stair i gColáiste Feirste agus i scoileanna lán-Ghaeilge eile. Tá dhá leabhrán eile sa tsraith seo mar atá Tuaisceart Éireann agus An Cogadh Fuar. Clúdaíonn na trí leabhar seo an cúrsa GCSE.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Cathal Ó Donnghaile agus le Ciarán Ó Pronntaigh mar aon le foireann an Áisaonaid a chuidigh liom go mór an saothar seo a thabhairt chun foilsithe.

Ar Radharc na bhFeá dom, Mí na Samhna, 2007

Diarmaid Ua Bruadair

# Aonad 1: Daingniú Chumhacht na Naitsithe




An svaistice, siombail na Naitsithe

*Cé go raibh Hitler ina Sheansailéir faoi 1933 níorbh ionann é sin is a rá go raibh an chumhacht uilig sa Ghearmáin aige. Bhí go leor constaicí idir é féin agus cumhacht iomlán ar an tír ar nós: an Reichstag, an tUachtarán agus an tArm. Agus bhí baol ann go mbeadh páirtithe eile agus na ceardchumainn ag cur ina éadan.*

## An tine sa Reichstag


Rinne Hitler an cinneadh go mbeadh smachtú agus rialú an Reichstag mar chéad aidhm aige. Dúirt sé gur chóir go mbeadh toghcháin nua ann agus ghlac an tUachtarán Hindenburg leis seo. Eagraíodh toghcháin don 5 Márta 1933. Bhí Hitler ag súil go mbainfeadh na Naitsithe tromlach na suíochán sa Reichstag. Leis seo a dhéanamh bheadh air droch-chlú a tharraingt ar an eite chlé agus cur leis an eagla a bhí ar mhuintir na Gearmáine roimh na Cumannaigh.

Tháinig deis na Naitsithe leis seo a dhéanamh go luath. Ar 27 Feabhra 1933, scriosadh an Reichstag i mBeirlín i dtine ollmhór. Ní raibh moill ar bith ar na Naitsithe an locht a fháil ar na Cumannaigh agus mhaígh siad gur chuid de chomhcheilg chumannach a bhí ann le cumhacht a sciobadh. Gabhadh cumannach óg ón Ísiltír agus ciontaíodh é as an tine a fhadú. Is léir go bhfuil neart amhrais ag staraithe an lae inniu faoi fhírinne an scéil seo.




Foirgneamh an Reichstag trí thine ar 27 Feabhra 1933.

# An Ghearmáin Naitsíoch



Adolf Hitler

## Dlíthe Éigeandála agus Toghchán Mhárta 1933

D'éiligh Hitler go ndéanfadh von Hindenburg beart agus an lá i ndiaidh na tine reachtaíodh dlíthe éigeandála a thug a lán cumhachta do na Naitsithe leis an bhagairt chumannach a chloí. Tugadh an Forógra um Chosaint Phobal agus Stát na Gearmáine air seo agus chuir sé ar chumas na Naitsithe na cearta agus na pribhléidí saoirse a bhí ag na daoine faoi Bhunreacht Weimar a chur ar ceal.

Ceapadh Naitsithe mar cheannairí ar na póilíní ar fud na Gearmáine agus cuireadh naimhde agus freasúra na Naitsithe i bpríosún gan cás cúirte. D'úsáid siad an SS agus an SA le himeaglú a dhéanamh ar pháirtithe eile trí raic a thógáil ag cruinnithe agus le linn óráidí.

D'imigh seachtain agus na Naitsithe ag gabháil don imeaglú seo sula raibh toghchán deireanach Phobacht Weimar ann ar 5 Márta 1933. Theip ar na Naitsithe tromlach na suíochán a bhaint. In ainneoin an fhoréigin ní bhfuair siad ach 44% den vóta, 288 suíochán.

Cé go raibh 4000 cumannach i ngéibheann ag na Naitsithe i ndiaidh Thine an Reichstag bhain an KPD (Páirtí Cumannach na Gearmáine) 13% den vóta agus 81 suíochán. Bhain an SPD 19% den vóta agus 120 suíochán. Ach bhí tacaíocht ón Pháirtí Náisiúnach ag na Naitsithe agus le chéile bhí níos mó ná 50% acu.

## An tAcht Údaraithe, 23 Márta 1933


Níor leor tromlach na suíochán sa Reichstag do Hitler. Ba mhian leis an bunreacht a athrú sa dóigh go mbeadh sé ábalta dlíthe a dhéanamh gan cead an Reichstag. Leis sin a dhéanamh bhí móramh dhá thrian de dhíth air. Bheadh sé deacair ar Hitler an tacaíocht seo a fháil ó na páirtithe eile. B'fhéidir go dtabharfadh an Páirtí Láir tacaíocht dó ach ba chinnte nach dtabharfadh na cumannaigh (KPD) ná na sóisialaithe (SPD) vóta ar bith dó.

In ionad iarracht a dhéanamh tacaíocht a fháil ó na daoine seo rinne Hitler cinnte de nach mbeadh siad ábalta vótáil. Gabhadh an chuid ba mhó de na



Hitler agus an tUachtarán von Hindenburg ar 21 Márta 1933.

# An Ghearmáin Naitsíoch



An díospóireacht faoin Acht Údaraithe sa Reichstag 23 Márta 1933.

Cumannaigh agus ansin ní raibh de dhíth air ach tacaíocht ón Pháirtí Láir. Fuair sé seo nuair a gheall sé go gcuirfeadh sé an Forógra um Chosaint Phobal agus Stát na Gearmáine ar ceal. Ní raibh fágtha in éadan na Naitsithe sa Reichstag ach na Sóisialaithe (SPD) agus reachtaíodh an tAcht Údaraithe le 441 vóta ar a shon agus 94 vóta ina éadan ar 23 Márta 1933.

Bhí an Forógra um Chosaint Phobal agus Stát na Gearmáine mar pháirt thábhachtach i dtitim Phoblacht Weimar. Is amhlaidh gurbh é an tAcht Údaraithe an buille a mharaigh an Phoblacht. Thug sé cead do Hitler a rogha dlí a dhéanamh ar feadh ceithre bliana gan cead ar bith a fháil ón Reichstag ná ón Uachtarán ná aon lámh isteach a bheith acu i gcúrsaí. Chomh maith leis sin bheadh sé ábalta an bunreacht a athrú cibé am ar mhian leis. Chuir an nuachtán Naitsíoch *Volkischer Beobachter* fáilte roimh an nuacht seo ag rá "Tá lá an Tríú Reich tagtha".

## Daingniú Cumhachta Aibreán-Iúil 1933

Ní raibh na cumhachtaí seo de dhíth ar Hitler go ceann ceithre bliana. Go deimhin taobh istigh de cheithre mhí bhí an chuid ba mhó den fhreasúra pholaitiúl sa Ghearmáin faoi chois aige. Le linn na tréimhse seo tógadh bunchlocha an Stáit Naitsíoch agus rinneadh comhordú ar na grúpaí uilig sa Ghearmáin faoi smacht na Naitsithe.

Bhí trí chéim ar leith a ghlac na Naitsithe le gach cineál freasúra eagraithe a dhíothú.

- Ar 7 Aibreán 1933, reachtaíodh dlíthe a bhris Giúdaigh agus lucht freasúra na Naitsithe óna bpoist sa Státseirbhís agus i ngairm an dlí. Cuireadh oifigigh Naitsíocha i gceannas ar na rialtais stáit sa Ghearmáin. Cuireadh na heagraíochtaí stáit faoi smacht pháirtí Hitler.
- Ar 2 Bealtaine 1933, cuireadh cosc dlí ar na ceardchumainn uilig, druideadh a gcuid oifigí agus gabhadh a gceannairí. Cuireadh an DAF ina áit (Fronta Saothair na Gearmáine).
- Ar 14 Iúil 1933, fógraíodh gur stát aonpháirtí í an Ghearmáin. Bhí cosc dlí curtha ar na Sóisialaithe ar 22 Meitheamh agus chuir an Páirtí Láir deireadh leo féin ar 5 Iúil.




Bhí na Naitsithe iontach maith ag úsáid na bolscaireachta. Sa phóstaer seo ceanglaíonn siad iad féin leis na saighdiúirí a throid sa Chogadh Mhór, an Chéad Chogadh Domhanda.

# An Ghearmáin Naitsíoch

**Cad é a bhí bainte amach ag Hitler faoi Iúil 1933?**
Faoi lár mhí Iúil 1933, bhí Hitler ábalta suí siar agus breathnú ar a chuid oibre le sé mhí anuas agus é breá sásta. Bhí sé i ndiaidh daingniú cumhachta a dhéanamh i bhfad ní ba ghasta ná mar a bhí sé ag dúil leis, chomh maith le deireadh a chur leis an fhreasúra. An rud ba shuntasaí faoi seo uilig go ndearna sé Poblacht Weimar agus a Bunreacht a scriosadh ar dhóigh dhleathach.

*Foinse A*

Fiche nó tríocha bomaite i ndiaidh dúinn an tine a fheiceáil dúirt Hitler le von Papen "Is comhartha ó Dhia é seo. Más fíor, mar a chreidimse, gur seo obair na gCumannach ní stopfaidh rud ar bith muid an scaifte marfach sin a shatailt le dorn iarainn" . . . an oíche sin dúirt Hitler liom, "Tá súil as Dia agam gur seo obair na gCumannach. Tá tú mar fhinné ar ré nua i stair na Gearmáine".

**Sefton Delmer, iriseoir Sasanach, ag tabhairt cuntais ar fhreagra Hitler ar an Tine sa Reichstag.**



Hitler le baill Ogra Hitler go gairid i ndiaidh dó post an tSheansailéara a ghlacadh.

*Foinse B*

Trí údarás Alt 48 de Bhunreacht na Gearmáine fógraítear na rudaí seo a leanas mar chosaint ar ghníomhaíochtaí foréigneacha na gCumannach in éadan an stáit.
1. Tá ranna 114, 115, 117, 118, 123, 124, agus 153 den bhunreacht ar fionraí. Beidh cead, mar sin, cúngú níos mó ná mar a bhí roimhe seo a dhéanamh ar na cearta saoirse pearsanta, cearta cur in iúl agus cearta saoirse na meán cumarsáide. Beidh cead fosta príobháideachas cumarsáide teileafóin, poist agus teileagraif a shárú, chomh maith le cead tithe a chuardach.


**Sliocht as Forógra um Chosaint Phobal agus Stát na Gearmáine, Feabhra 1933.**

# An Ghearmáin Naitsíoch

***Foinse C***

Rinne muid iarracht an tuile de ghearáin mhí-chothroma a bhí ag teacht ó Hitler a stopadh ach ní raibh aon mhaith ann. Bhí leathchiorcal de lucht an SS agus an SA sa halla agus iad ag cogarnail go hard 'Bígí in bhur dtost', 'Fealltóirí', 'Crochfar sibhse inniu'.

**Sliocht as cuntas a scríobh ball den SPD ag déanamh cur síos ar an chruinniú den Reichstag inar reachtaíodh an tAcht Údaraithe.**



Hitler ag beannú do Hindenburg go díreach roimh an Acht Údaraithe a reachtú sa Reichstag mí Mhárta 1933.

**1. Cad iad na constaicí a bhí le sárú ag Hitler in Eanáir 1933 le go mbeadh sé ina dheachtóir?**

**2. Cén dóigh ar chuidigh an tine sa Reichstag leis na Naitsithe?**

**3. Cén dóigh ar éirigh le Hitler an tAcht Údaraithe a fháil tríd an Reichstag?**

**4. Cén dóigh ar úsáid Hitler an tAcht Údaraithe chun a chumhacht a dhaingniú?**

**5. Cad chuige a raibh Hitler ar theann a dhíchill cumhacht na gceardchumann a scriosadh?**

**6. Cén dearcadh a bhí ag Hitler ar na Tine sa Reichstag, de réir Fhoinse A?**

**7. Cad é a deir Foinse C faoin dóigh ar éirigh le Hitler an tAcht Údaraithe a fháil?**

### Ná déantar dearmad



Tá sé iontach tábhachtach go dtuigeann tú nach raibh an chumhacht uilig sa Ghearmáin ag Hitler nuair a ceapadh ina Sheansailéir é i mí Eanáir 1933.

Bhí sé lag go leor nuair a ghlac sé post an tSeansailéara.

Beidh scrúdaitheoirí ag súil go mbeidh tú ábalta na céimeanna éagsúla a ghlac sé ina dhiaidh seo a mhíniú.

# Aonad 2: Díothú an Fhreasúra Pholaitiúil faoi 1934

### Réamhrá

Faoi thús na bliana 1934 bhí go leor déanta ag Hitler lena chinntiú go raibh smacht nach beag aige ar an chumhacht sa Ghearmáin. Bhí toghcháin eile Reichstag ann i Samhain 1933 agus bhain na Naitsithe 92% den vóta. In Eanáir 1934, reachtaíodh an Dlí um Atógáil an Reich a thug smacht ar na rialtais stáit do na Naitsithe. Ina ainneoin seo uilig bhí stádas Hitler faoi bhagairt go fóill, ach is óna arm príobháideach féin a tháinig an chontúirt an uair seo.



Ernst Röhm, cara Hitler a bhí ina cheannaire ar na Trúpairí Ionsaithe (SA).

### Ról an SA agus Ernst Röhm

Bunaíodh an SA (Sturmabteilung nó Trúpairí Ionsaithe) sa bhliain 1921. Tugadh na Léinte Donna ar bhaill na heagraíochta seo de bharr na héide míleata a chaith siad. Ar feadh na mblianta, d'úsáid siad modhanna foréigneacha le raic a thógáil ag cruinnithe a bhfreasúra pholaitiúil. Ceapadh Ernst Röhm, seanchara le Hitler, mar cheannaire ar an eagraíocht. Faoina cheannas siúd d'fhás an SA go gasta. Tháinig 400,000 ball nua isteach i 1932 agus faoi Bhealtaine 1933 bhí dhá mhilliún ball acu.

Bhí ról tábhachtach ag an SA maidir le teacht i gcumhacht Hitler agus na Naitsithe. Chuir siad a phleananna i bhfeidhm agus dhaingnigh siad a chumhacht i ndiaidh Eanáir 1933. I rith na bliana 1933, áfach, thosaigh an SA a thabhairt dhúshlán Hitler agus ag bagairt ar a cheannaireacht ar an Pháirtí Naitsíoch. Chreid Röhm gurb é teacht chun cumhachta na Naitsithe an chéad chéim i réabhlóid 'Sóisialachais Náisiúnta'. An chéad chéim eile cumhacht an airm agus lucht tionsclaíochta a laghdú agus níos mó cumhachta a thabhairt don SA agus don lucht oibre. Bhain an chuid ba mhó de bhaill an SA leis an aicme seo. Bhí Ernst Röhm ag súil go dtosófaí an dara réabhlóid gan mhoill.



Fórsa 'ar an tsráid' a bhí sa SA a chuir ar chumas na Naitsithe an pobal a sceimhliú.

## An SA versus an tArm

Ní mór an t-ionadh é gur chúis bhuairimh don arm é éileamh an SA ar an dara réabhlóid. Chuir na Ginearáil ina luí ar Hitler go raibh siad ag súil go ndéanfadh sé rud éigin fá dtaobh de Röhm agus an SA. Ba thábhachtach le Hitler tacaíocht an airm ar dhá chúis.

Faoi Iúil 1933, ba é arm na Gearmáine an t-aon ghrúpa a raibh sé ar a chumas seasamh a ghlacadh in éadan Hitler agus na Naitsithe.

Bhí go leor de cheannairí an airm báúil le haidhmeanna Hitler, go háirithe an atharmáil, agus chuir siad fáilte roimh a phleananna an Ghearmáin a dhéanamh láidir arís.

Ag an am céanna, d'fhág éilimh Ernst Röhm Naitsithe eile cosúil le Himmler agus Göring an-mhíshocair ar fad (Foinse A).

D'aithin Hitler go mbeadh air dul i ngleic le Röhm agus an SA dá mba mhian leis tacaíocht an airm a thuilleamh agus an bhagairt inmheánach óna pháirtí féin a chloí.



Göring agus Himmler.

## Oíche na Sceana Fada, 30 Meitheamh 1934

Ba shuntasach Oíche na Sceana Fada mar an chéad chéim eile i ndaingniú cumhachta Hitler. Rinne sé purgú gan trua ar na daoine uilig i ngluaiseacht na Naitsithe a bhagair nó a cheistigh a smacht ar an pháirtí agus ar an Ghearmáin. Gabhadh Röhm agus ceannairí eile an SA agus cuireadh chun báis iad. Cuireadh chun báis naimhde Hitler agus na Naitsithe nach raibh baint acu leis an SA fosta amhail Gustav von Kahr agus an Ginearál Schleicher. Cuireadh suas le 200 duine chun báis san iomlán agus mhaígh na Naitsithe gur iarracht ar *putsch* ón SA a bhí ann. Bhí deireadh le cumhacht agus tionchar an SA agus tháinig méadú ar thionchar agus ar chumhacht an SS, díorma élite na Naitsithe faoi Heinrich Himmler.



Seo cartún polaitiúil ag taispeáint Hitler, Göring agus Goebbels ar 3 Iúil 1934 os coinne shlua de chuid an SA. Ba é David Low a tharraing an cartún seo agus ba é an teideal a bhí leis: 'Tugann siad beannacht le dhá lámh anois'.

# An Ghearmáin Naitsíoch

Thug an t-arm tacaíocht do ghníomhartha Hitler ar an lá seo, 30 Meitheamh. Bhí siad buíoch de Hitler as déileáil le bagairt an SA agus gheall siad tacú lena phleananna leis an Ghearmáin a dhéanamh láidir arís. Mar a dúirt ginearál tábhachtach, "tá atharmáil róthábhachtach le bheith fágtha faoi dhream gadaithe, meisceoirí agus bithiúnach". Thug cuid mhór de ghnáthmhuintir na Gearmáine tacaíocht do Hitler fosta. Cúpla lá ina dhiaidh sin, tháinig an chomhaireacht le chéile le tacú go dlíthiúil le gníomhartha Hitler agus é ag plé le comhcheilg an SA.



Hindenburg.

## Hitler ina Führer, Lúnasa 1934

*(Führer - focal Gearmánaise fá choinne Ceannaire)*

Thaispeáin imeachtaí 1934 a láidre a bhí stádas Hitler ag an am. Bhí sé ábalta gníomhú in éadan Röhm agus a naimhde gan géarchéim pholaitiúil a chruthú. Nuair a chuir Hitler bagairt an SA uaidh ní raibh fágtha mar chonstaic aige ach an tUachtarán Hindenburg. Ón am ar cuireadh an tAcht Údaraithe i bhfeidhm rinneadh neamhiontas den uachtarán. Go deimhin, in ionad dímheas a bheith aige ar Hitler mar a bhí (thugadh sé an 'Ceannaire Boihéimeach' air) thug Hindenburg lántacaíocht do pholasaithe agus gníomhaíochtaí Hitler mar Sheansailéir.

Bhí a fhios ag Hitler go raibh Hindenburg ag fáil bháis agus d'fhan sé ar a sheans lena dhaingniú cumhachta a thabhairt chun críche. Ní raibh air fanacht ró-fhada. Cailleadh Hindenburg ar 2 Lúnasa 1934. Lá roimhe sin reachtaíodh dlí úr ag nascadh phost an tseansailéara le post an uachtaráin agus ag tabhairt na gcumhachtaí uilig do Hitler. Tugadh Führer agus Seansailéir an Reich air. Tháinig an dlí seo i bhfeidhm a luaithe agus a cailleadh Hindenburg.

## Mionn Dílseachta an Airm

Chuir an t-arm a bhuíochas in iúl as ucht bagairt an SA a chloí. Mhol an tAire Cosanta, von Blomberg, go dtabharfadh na ginearáil mionn dílseachta do Hitler. Tháinig an riachtanas seo ina dhlí ar 20 Lúnasa 1934. Bhí ar gach saighdiúir agus oifigeach poiblí mionn dílseachta a thabhairt do Hitler. "Tugaim an mionn naofa seo os comhair Dé: Tabharfaidh mé dílseacht neamhchoinníollach do Adolf Hitler, Führer an náisiúin Ghearmánaigh, Ardcheannaire na bhFórsaí armtha."

Anois, bhí an chumhacht agus an t-údarás uilig sa Ghearmáin ag Hitler. Bhí daingniú cumhachta na Naitsithe tugtha chun críche. Ba stát ollsmachtach í an Ghearmáin le ceannaire amháin agus páirtí amháin agus rialófaí anois í mar stát póilíneach ag úsáid eagla agus sceimhle. Dhéanfaí 'naimhde na ndaoine', nó iad siúd a thug dúshlán Hitler, ar nós Röhm agus an SA, a dhíothú go neamhthrócaireach.



Saighdiúirí Arm na Gearmáine ag tabhairt an mhionna dhílseachta do Hitler, an chéim dheireanach i ndaingniú cumhachta Hitler.

# An Ghearmáin Naitsíoch

*Foinse A*


Ní fúinne atá sé a rá beidh an dara réabhlóid ann nó nach mbeidh. D'ordaigh an ceannaire an chéad réabhlóid agus chríochnaigh sé í. Más mian leis an dara réabhlóid, seasfaimid amárach, más mian leis muid sna sráideanna. Más mian leis gan a thuilleadh gníomhartha a dhéanamh cuirfimid faoi chois duine ar bith ar mian leis an dara réabhlóid a thosú in éadan mhianta an cheannaire.

**Sliocht as óráid de chuid Hermann Göring, 18 Meitheamh 1934.**

*Foinse B*

Ghabh an tAire Cosanta, an Ginearál von Blomberg, buíochas leis an Führer thar cheann Chomh-Aireacht an Reich as ucht a ghníomhaíochta seasmhaí cróga, a shábháil muintir na Gearmáine ó Chogadh Cathartha . . . Ansin ghlac an Chomh-aireacht le dlí a bhain le modhanna féinchosanta an stáit.
Ní raibh ach alt amháin sa dlí seo: "Tá na gníomhartha a cuireadh i gcrích ar 30 Meitheamh agus ar 1 agus 2 Iúil dleathach. Bhí siad riachtanach faoi choinne fhéinchosaint an stáit."

**Sliocht as na miontuairiscí de chruinniú Comh-Aireachta sa Ghearmáin a thit amach go luath i ndiaidh Oíche na Sceana Fada.**



**1. Cérbh iad na Trúpairí Ionsaithe (an SA)?**

**2. Cad chuige ar bhog Hitler in éadan Röhm agus an SA i Meitheamh 1934?**

**3. Cad chuige a raibh Hitler ábalta é féin a fhógairt ina Führer i Lúnasa 1934?**

**4. Cén fáth a raibh an t-arm sásta tacaíocht a thabhairt do Hitler faoi Lúnasa 1934?**


**5. Cén fáth a raibh Hitler i bhfad ní ba chumhachtaí i ndiaidh Oíche na Sceana Fada?**

**6. Tarraing léaráid leis na priomhdhóigheanna ar chuir Hitler an daingniú cumhachta i gcrích a léiriú.**

**7. Cén dóigh ar éirigh le Hitler na constaicí seo a leanas a shárú:**

- **Ernst Röhm agus na Trúpairí Ionsaithe**
- **Arm na Gearmáine**
- **An tUachtarán**

# Aonad 3: Polasaithe Eacnamaíochta sa Ghearmáin Naitsíoch



Bhí an dífhostaíocht ina fadhb mhór sa Ghearmáin sna 1930í. Ba mhinic scuaine daoine ag fanacht le dul isteach sa mhalartán oibre le feiceáil ar fud na tíre. Bhí laghdú ar an dífhostaíocht ag barr liosta aidhmeanna Hitler agus na Naitsithe.

## Réamhrá

Cé nár shaineolaí eacnamaíochta é Hitler bhí roinnt aidhmeanna cinnte aige san earnáil seo.

- **Dífhostaíocht a laghdú:** Nuair a tháinig Hitler chun cumhachta bhí 6 milliún duine dífhostaithe sa Ghearmáin.
- **Atharmáil:** Tionscal arm na Gearmáine a fhorbairt mar aon le Cabhlach, Aerfhórsa agus Arm na tíre. Bheadh sé seo ina chuidiú leis an Ghearmáin a dhéanamh mór agus láidir.
- **Neamhthuilleamaíocht:** Go mbeadh an Ghearmáin neamhspleách ó thaobh eacnamaíochta de. Ciallaíonn sé sin go mbeadh an córas geilleagair ábalta cogadh a choinneáil ag dul gan a bheith ag brath ar allmhairiú ó thíortha eile.

Sula mbeadh sé ar a chumas na haidhmeanna seo a bhaint amach bheadh ar Hitler roinnt fadhbanna a réiteach.

- Bhí sé deacair ag an Ghearmáin a hearraí a onnmhairiú mar go raibh cúrsaí trádála go dona i ndiaidh Thobthitim Wall Street.
- Bhí easpa amhábhar sa tír agus bhí ar an Ghearmáin iad a allmhairiú.
- Ní raibh mórán airgid ag an Ghearmáin agus bhí sí ag brath ar infheistíocht ó thíortha eile. Ba bheag seans go dtarlódh sé seo i ndiaidh Thobthitim Wall Street.

### Cosc ar Cheardchumainn


Bhí tionchar ag na ceardchumainn ar chúrsaí eacnamaíochta Phoblacht Weimar; bhí roinnt mhaith stailceanna srl. ann. Ní raibh Hitler sásta go mbeadh dream mar seo ábalta an bonn a bhaint dá chuid pleananna sa Ghearmáin Naitsíoch. I mBealtaine 1933 cuireadh cosc ar cheardchumainn agus rialaíodh go raibh stailceanna mídhleathach. Mar thoradh air sin chaill oibrithe na Gearmáine a gcearta bunúsacha maidir le coinníollacha oibre agus tuarastal a phlé.
In aon bhuille amháin bhí lucht saothair ní ba ghéilliúla cruthaithe ag Hitler. Léiríodh é seo i gCairt Saothair 1934 a labhair faoi chomhoibriú idir fostóirí agus oibrithe. Ar ndóigh, bhí an lucht gnó thar a bheith sásta leis seo.

### Fronta Saothair na Gearmáine (DAF)

In áit ceardchumainn a bheith acu, tháinig oibrithe na Gearmáine faoi bhráid Fhronta Saothair na Gearmáine (DAF - Deutsche Arbeitsfront) a bunaíodh ar 6 Bealtaine 1933 faoi cheannas an Dr. Robert Ley. Meon pobail a bhunú san áit oibre an aidhm a bhí ag an eagraíocht Naitsíoch seo agus thogh gach monarcha comhairle le toscaireacht a dhéanamh ar son na n-oibrithe leis na fostóirí. Faoi 1935 bhí 20 milliún ball ag an Fhronta - lucht saothair uilig na Gearmáine.
Bhí Fronta Saothair na Gearmáine dírithe ar an lucht oibre agus gheall Ley go gcosnódh sé cearta s'acu. Ar bhonn praiticiúil rinneadh cinnte de nach raibh oibrithe ábalta post a fhágáil gan cead ón rialtas agus cinntíodh nach raibh ach oifigigh rialtais ábalta poist nua a shocrú.

Tháinig athruithe i bhfeidhm ar choinníollacha oibre chomh maith. Cuireadh deireadh le teorainn uaireanta oibre agus thosaigh oibrithe a dhéanamh uaireanta oibre níos faide. Faoi 1939 bhí go leor oibrithe ag obair idir 60 agus 72 uair an chloig sa tseachtain. Ní dhearna mórán acu gearán, b'fhéidir mar gur méadaíodh a dtuarastail. Bhain oibrithe tairbhe as an chinneadh a rinne na Naitsithe praghsanna a smachtú agus cíosanna a choinneáil ag leibhéal áirithe.

Bhí sé d'aidhm ag an DAF saol na n-oibrithe taobh amuigh de na monarchana a fheabhsú chomh maith. Mhothaigh siad go gcuideodh sé seo le táirgiúlacht agus go




Deir an póstaer seo de chuid an KdF gur féidir le hoibrithe Volswagen a bheith acu ach cúig mharg a chur i dtaisce gach seachtain.

mbeadh daoine ní ba bháúla i leith na Naitisthe. Chun é seo a chur i gcrích bunaíodh Neart trí Shonas (KdF – **Kraft durch Freude**) i Samhain 1933 le deiseanna níos fearr fóillíochta a chruthú do na hoibrithe. Chuir an KdF turais saoire ar luach íseal ar fáil mar aon le siúlóidí faoin tuath, turais chun na hamharclainne agus réimse leathan cluichí agus spóirt. Bhí deis ag oibrithe a gcarranna féin a cheannach fiú amháin: an *Volkswagen* nó 'carr na an phobail'. D'íoc siad 5 mharg sa tseachtain go dtí go raibh 750 marg íoctha. ach ní bhfuair oiread is oibrí amháin carr faoin am ar bhris an cogadh amach i 1939.

## Polasaithe na Naitsithe le Dífhostaíocht a laghdú


Bhí run daingean ag Hitler an dífhostaíocht a laghdú. Le linn na chéad bhliana dó bheith i gceannas chuir sé dlíthe i bhfeidhm a d'ísligh na figiúirí dífhostaíochta. Ag an am céanna rinne an rialtas níos mó infheistíochta i gcúrsaí eacnamaíochta. Bhí lucht saothair mór de dhíth chun na tionscnaimh a bhí ag na Naitsithe le cúrsaí eacnamaíochta a fheabhsú a thabhairt chun críche agus bhí tionchar suntasach aige seo ar líon na ndaoine dífhostaithe.

## Seirbhís Saothair Dheonaigh (RAD)

A na cláir ba thábhachtaí a bunaíodh bhí an t**Seirbhís Saothair Dheonaigh** (RAD – Reichsarbeitsdienst). Tugadh poist d'fhir dhífhostaithe ar scéimeanna rialtais le scoileanna, ospidéil nó autobahnen (mótarbhealaí) a thógáil nó fiú ag cuidiú le feirmeoirí lena bhfeirmeacha a fheabhsú.

Chuir na fir seo fúthu i gcampaí agus b'éigean dóibh éide airm a chaitheamh. Tugadh béilí agus airgead póca dóibh in áit tuarastail. Lean an clár seo ar aghaidh go dtí 1939 agus ó 1935 bhí sé riachtanach ag gach fear idir 19 agus 25 bliain d'aois tréimhse a chaitheamh sa RAD.

Faoi 1939 bhí tír ní ba rathúla agus ní ba shaibhre cruthaithe, a bhuíochas do scéimeanna cosúil leis an tSeirbhís Saothair Dheonaigh agus bhí go leor Gearmánach den tuairim gurbh fhearr bheith ag obair don RAD ná bheith gan phost agus gan dídean.



Bhí na *autobahnen* le bheith ina siombail d'éifeachtacht na Naitsithe agus b'íomhá iad de chumhacht na Gearmáine Nua.


# An Ghearmáin Naitsíoch

## An cíos Naitsíoch agus smacht ar phraghsanna

Chuir na Naitsithe praghsanna bia agus cíosanna faoina smacht le hiarracht a dhéanamh an geilleagar a chur ar bhonn seasmhach. Chuidigh praghsanna cinnte le feirmeoirí agus tógadh 60,000 teach nua ar a raibh cíos socraithe ag an rialtas. Smachtaigh **Eastát Bia an Reich** praghsanna talmhaíochta agus chuir siad teorainn ar phraghsanna na n-earraí sna siopaí. D'fhulaing daoine a raibh gnólachtaí beaga acu faoi na polasaithe seo agus faoi 1939 bhí beagnach 200,000 siopa beag briste. Dá ainneoin seo bhain an chuid ba mhó de theaghlaigh na Gearmáine tairbhe nach beag as na teorainneacha ar chíosanna agus ar phraghsanna.

## Ionsaí ar an dífhostaíocht

Faoi dheireadh 1939 ní raibh ach 300,000 Gearmánach cláraithe mar dhaoine dífhostaithe. Ach bhí iarracht á déanamh an duibh a chur ina gheal leis na figiúirí,. Cuireadh iallach ar mhná pósta an lucht saothair a fhágáil agus briseadh go leor Giúdach as a bpost. Ní raibh na grúpaí seo cláraithe ar an liosta dífhostaithe. Fáth eile leis an titim shuntasach seo sna figiúirí ná gur chruthaigh an clár atharmála na céadta míle post. Fostaíodh daoine i dtionscal na n-arm agus sna fórsaí armtha féin. Fógraíodh coinscríobh go poiblí i 1935 agus bhain sé seo suas le milliún fear den liosta dífhostaithe faoi 1939.




**Dífhostaíocht sa Ghearmáin, 1933-39**

## An Geilleagar Naitsíoch 1933-36

Cheap Hitler fear darbh ainm **Hjalmar Schacht** mar uachtarán ar an **Reichsbank** (Banc Náisiúnta na Gearmáine). Bliain ina dhiaidh sin thug sé ardú céime dó nuair a cheap sé é mar Aire Eacnamaíochta, cé nár Naitsí a bhí ann. Ba é Schacht a stiúir feabhsú eacnamaíoch na Gearmáine lena Phlean Nua a d'fhógair sé i 1934. Leis an phlean seo bhí Schacht ag súil leis an gheilleagar a fheabhsú agus poist nua a chruthú, rud a bhí de dhíth go géar ar an Ghearmáin. D'oibrigh an Plean Nua ar cheithre bhealach:

Cuireadh teorainn ar allmhairiú agus bhí smacht righin orthu. Síníodh conarthaí le tíortha a chuir amhábhair ar fáil don Ghearmáin agus a ghlac earraí tionsclaíochta mar íocaíocht. Bhí stiúir agus smacht ar chaiteachas rialtais. Bhí sé dírithe ar na tionscail ba thábhachtaí agus ar réimsí eacnamaíochta eile.

Laghdaíodh an méid a caitheadh ar chúrsaí leasa agus an RAD agus atharmáil ag tabhairt níos mó post don lucht dífhostaithe. Bhí an-rath ar an Phlean Nua ach faoi 1936 bhí Hitler ag cur brú ar Schacht le níos mó airgid a chaitheamh ar atharmáil na tíre. Níor shíl Schacht go raibh sé seo chun leas na tíre ó thaobh eacnamaíochta de agus d'éirigh sé as a phost mar Aire Eacnamaíochta i 1937.



Hjalmar Schacht in éineacht le Hitler.

# An Ghearmáin Naitsíoch

## An Geilleagar Naitsíoch 1936-39



Hermann Göring

I 1936 cheap Hitler **Hermann Göring** le dul i mbun chóras geilleagair na Naitsithe. Dúradh le Göring an tír a ullmhú chun cogaidh agus leis seo a bhaint amach chuir sé an **Plean Ceithre Bliana** chun tosaigh. Bhí sé mar aidhm ag an phlean seo go mbeadh an Ghearmáin neamhthuilleamaíoch roimh an choimhlint a bhí le teacht. Níor shaineolaí eacnamaíochta cosúil le Schacht é Göring.

Faoin Phlean Ceithre Bliana laghdaíodh allmhairiú agus tógadh monarchana úra – cuid acu le hobair éigeantach. Agus iarracht á déanamh neamhthuilleamaíocht a bhaint amach rinneadh iarracht earraí sintéiseacha a chruthú in ionad amhábhair a úsáid.

Faoi 1939 ba léir go raibh teipthe ar an iarracht seo ar neamhthuilleamaíocht a bhaint amach. Cé gur chaith na Naitsithe na billiúin marg ar an Phlean Ceithre Bliana bhí an Ghearmáin ag allmhairiú trian dá cuid amhábhar ón choigríoch. Ba shoiléir gurbh é an t-aon bhealach le neamhthuilleamaíocht a bhaint amach dul chun cogaidh le tíortha eile agus a n-acmhainní siúd a sciobadh uathu.

*Foinse A*

Is é méadú ar ár spás maireachtála an réiteach deireanach, is é sin le rá, leathnú ar na foinsí bia agus amhábhair fá choinne daonra s'againn…Níl ach leas amháin ann agus sin leas an náisiúin agus gan ach dearcadh amháin ann, an Ghearmáin a ghlacadh go dtí an pointe go bhfuil sí neamhthuilleamaíoch ó thaobh eacnamaíochta agus polaitíochta de . . . mar sin, tá na tascanna seo tugtha agam:

- Ní mór d'Arm na Gearmáine bheith réidh i gceann ceithre bliana
- Ní mór do gheilleagar na Gearmáine bheith réidh le cogadh a sheasamh i gceann ceithre bliana.

**Hitler ag cur a aidhmeanna eacnamaíochta in iúl i meabhrán rúnda don Phlean Ceithre Bliana i Lúnasa 1936.**

*Foinse B*


Is é príomhaidhm an Fhronta Saothair na Gearmánaigh uilig atá ag obair a oiliúint le tacaíocht a thabhairt don Stát Náisiúnach Sóisialach agus dearcadh an Náisiúnachais Shóisialaigh a spreagadh iontu.

**Ráiteas rialtais ar ról an DAF, Samhain 1933.**




'Tá Hitler ag tógáil, cuidigh leis agus ceannaigh earraí Gearmánacha.'

# An Ghearmáin Naitsíoch




*Foinse C*

Is le baois agus le neamhinniúlacht an amaitéaraigh a thug Göring faoi chlár an Phlean Ceithre Bliana a chur i bhfeidhm agus neamhthuilleamaíocht a bhaint amach.

**Schacht ag labhairt faoin Phlean Ceithre Bliana ina leabhar a scríobhadh i 1949.**

**1. Cad iad na haidhmeanna eacnamaíochta a bhí ag Hitler?**

**2. Cad é a rinne na Naitsithe le saol an oibrí sa Ghearmáin a fheabhsú?**

**3. Cad é a rinne Hitler le dífhostaíocht a laghdú?**

**4. Cé chomh fíor agus a bhí an laghdú ar na figiúirí dífhostaithe?**

**5. Cad é a bhí sa Phlean Nua? Cé chomh maith agus a d'éirigh leis?**

**6. Cad chuige a raibh neamhthuilleamaíocht tábhachtach ag Hitler?**

**7. Ar bhain na Naitsithe neamhthuilleamaíocht amach?**

**8. Déan cur síos ar Hjalmar Schacht.**

**9. Déan cur síos ar Hermann Göring.**

**10. Mínigh na príomhaidhmeanna a bhí leis an Phlean Ceithre Bliana.**



'Pobal amháin, impireacht amháin, ceannaire amháin'.

# Aonad 4: Ag Smachtú Mhuintir na Gearmáine

## Réamhrá

Chuir na Naitsithe coincheap chun tosaigh ar ar tugadh *Volksgemeinschaft* nó Pobal na nDaoine. Is é a bhí i gceist leis seo córas ina mbeadh tús áite ag dílseacht don stát agus don Führer, agus áit thánaisteach ag tábhacht an duine aonair. Leis an chineál pobail seo a bhunú bheadh ar gach eagraíocht, eaglaisí fiú amháin, bheith faoi smacht na Naitsithe.

## Stát Póilíneachta na Naitsithe

Ar theacht chun cumhachta dó d'úsáid Hitler sceimhle agus eagla le naimhde an stáit a imeaglú. Ba mhian leis cosc a chur ar dhaoine an stát Naitsíoch a cháineadh nó fiú amháin Hitler a cháineadh go pearsanta. D'úsáid an SS na dlíthe a reachtaíodh i ndiaidh Thine an Reichstag le 'coinneáil chosantach' a chur ar dhaoine. Cuireadh na príosúnaigh seo go dtí campaí géibhinn áit a bhfanfadh siad gan triail go dtí gur chinn na Naitsithe iad a scaoileadh saor.

## Sluachampaí Géibhinn, 1933-39

Ar 19 Márta d'fhógair Himmler bunú an chéad champa géibhinn in Dachau taobh amuigh de München. Bhí an campa seo le bheith fá choinne 'naimhde an stáit'. Ba iad an SA a stiúir na campaí seo ar dtús ach i ndiaidh Oíche na Sceana Fada ba faoi stiúir an SS a cuireadh na campaí.


Ag amharc amach ar an chearnóg inar ghnách an glaoch rolla a ghlacadh ag sluachampa géibhinn Dachau in aice le München. Glacadh an pictiúr ar na mallaibh.

D'fhorbair an SS na campaí sealadacha seo ina gcampaí éifeachtacha eagraithe ar bhonn míleata ina raibh an sceimhle agus an foréigean i réim. Ba phríosúnaigh pholaitiúla na chéad chimí a cuireadh chuig na campaí seo, ar nós teachtaí cumannacha an Reichstag agus ceannairí na gceardchumann. Níorbh fhada gur thosaigh na Naitsithe ag cur grúpaí eile chuig na campaí seo. Orthu siúd bhí giofóga, homaighnéasaigh, 'leisceoirí', fir shiúil, daoine 'frithshóisialta' agus Giúdaigh. Idir 1933 agus 1939 daoradh 200,000 duine i gcoireanna polaitiúla agus cuireadh 'coinneáil chosantach' ar níos mó ná 160,000 duine. Ba Ghiúdaigh ar a laghad 30% de na daoine seo.

Bhí na campaí seo plódaithe agus cuireadh na cimí i mbun oibre gan phá. Cuireadh pionóis chruálacha ar na príosúnaigh agus bhí siad beo ar bheagán bia agus uisce. Mar thoradh air seo ba mhinic a fuair daoine bás sna campaí seo. Nuair a tharla sé seo rachadh oifigigh i dteagmháil le teaghlaigh na marbh ag lorg trí mharg as ucht a luaithreach a thabhairt ar ais dóibh.



### An SS

Bunaíodh an SS i 1925 mar gharda cosanta *élite* Hitler ach sna 1930í d'fhás an SS go dtí go raibh sé ina arm príobháideach an-chumhachtach faoi Heinrich Himmler *(Tá sé le feiceáil sa phictiúr thall ag tabhairt cuairte ar shluachampa géibhinn Dachau)*. B'*élite* ciníoch an Pháirtí iad an SS agus go fiú i 1931 bhí sé riachtanach ag gach ball mná Airianacha a phósadh. Bhí an SS mar fhórsa póilíneachta na Naitsithe i ndiaidh Oíche na Sceana Fada. Dhíothaigh an SS agus a chuid eagraíochtaí tacaíochta, an SD agus an Gestapo, an freasúra uilig a bhí sa Ghearmáin.

Ghabh an Gestapo (na póilíní rúnda agus craobh den SS) naimhde an stáit agus iad siúd ar cuireadh ina leith gur cháin siad an Führer. (Foinse A). Bhí Reinhard Heydrich, protégé Himmler, ina cheannaire ar an SD. Bhí an SD mar rannóg faisnéise an SS. Bhí sé de dhualgas orthu súil a choinneáil ar shlándáil an Führer agus ar cheannairí na Naitsithe agus an Tríú Reich.

Bhain Himmler úsáid as an chairdeas a bhí aige le Hitler le stádas agus cumhacht an SS a mhéadú. Faoi 1939 bhí díothú an fhreasúra curtha i gcrích agus réimeas cruthaithe a bhí bunaithe ar an sceimhle agus ar an eagla.




Himmler ag déanamh cúirtéise leis an SS.

# An Ghearmáin Naitsíoch

## Bolscaireacht


Ba dhúshlán mór ag Hitler é tacaíocht do na Naitsithe a spreagadh i measc ghnáthphobal na Gearmáine. I Márta 1933 ceapadh an Dr Joseph Goebbels ina Aire Bolscaireachta. Níorbh fhada go raibh sé seo ar na poist ba thábhachtaí i rialtas na Naitsithe. Dúirt Goebbels é féin, "Ní chuireann an bholscaireacht is fearr í féin in iúl, is í an bholscaireacht is fearr ná an cineál a shníonn go dofheicthe isteach i ngach gné den saol". Chreid na Naitsithe i dteachtaireachtaí simplí a chur os comhair an phobail agus iad a rá agus a athrá go dtí go gcreidfeadh an daonra gan a gceistiú.



An Dr Joseph Goebbels, saineolaí bolscaireachta na Naitsithe i mbun óráide.

## Paráidí agus ollchruinnithe

D'úsáid na Naitsithe dóigheanna éagsúla leis na daoine a mhealladh. Ba iad na paráidí daite agus na hollchruinnithe bliantúla a reachtáladh i Nürnberg na himeachtaí bolscaireachta ba shuntasaí ag na Naitsithe. Mhair ollchruinnithe Nürnberg ar feadh seachtaine. Reáchtáladh in airéine speisialta nuathógtha iad, bheadh níos mó ná 500,000 duine i láthar ag na cruinnithe seo agus ghlacadh 100,000 duine páirt iontu.




Hitler ag labhairt leis na mílte Naitsí agus lena lucht tacaíochta ag ollchruinniú i staid spóirt Bheirlín. Tá na focail 'Is leatsa muid' déanta i litreacha dubha ag na daoine.

## An chinsireacht agus na meáin chumarsáide

Thug na Naitsithe faoi na meáin chumarsáide a smachtú chomh maith. Druideadh na nuachtáin uilig nach nuachtáin Naitsíocha iad agus bhí ar iriseoirí clárú leis an rialtas. Dá bhfoilseodh nuachtán scéal nach raibh fabhrach do na Naitsithe druideadh an nuachtán sin. Gach maidin chuir an Aireacht Bolscaireachta in iúl d'eagarthóirí na nuachtán na scéalta agus na cinnlínte a bhí le cur i gcló.

Chuir na Naitsithe na stáisiúin raidió uilig sa Ghearmáin faoina smacht agus a stiúir lena dteachtaireacht a leathnú. Spreag siad daoine le raidiónna a cheannach agus chinntigh siad go raibh siad ar phraghas arbh fhéidir le gach teaghlach a íoc. Thug siad cuid acu amach saor in aisce fiú. Chuir Goebbels callairí in airde in

# An Ghearmáin Naitsíoch



Dhóigh na Naitsithe leabhair a scríobh Cumannaigh, Giúdaigh agus údair eile nár aontaigh leo.

áiteanna poiblí agus ordaíodh do na bialanna agus do na caifí a raidiónna a chur ar siúl nuair a bhíodh óráid de chuid Hitler á craoladh.

Bhí cinsireacht faoi smacht Goebbels fosta agus rinne a Aireacht Bolscaireachta iarracht gach foinse eolais sa tír a smachtú agus cosc a chur ar na Gearmánaigh an fhírinne a fháil amach fá dtaobh den domhan taobh amuigh. Cuireadh cinsireacht i bhfeidhm maidir le leabhair, scannáin agus ceol lena chinntiú go raibh siad uilig ag teacht le smaointe na Naitsithe. Cuireadh cosc dlí ar leabhair scríofa ag Giúdaigh agus ag Cumannaigh agus dódh iad i 1933. Bhí sé in éadan an dlí na Naitsithe a cháineadh nó fiú scéal grinn a insint fúthu. Cuireadh cosc ar ghrianghraf de Goebbels mar gur thaispeáin sé go raibh cam reilige air.


### Cé chomh rathúil is a bhí bolscaireacht na Naitsithe.

Is doiligh a thomhas a oiread de mhuintir na Gearmáine a chreid an bholscaireacht a scaip na Naitsithe. Níl aontú i measc staraithe maidir leis an tionchar a bhí ag bolscaireacht ar mhuintir na Gearmáine. Is dócha gur féidir a rá gur dhaingnigh an bholscaireacht na smaointe a bhí ag na daoine cheana féin ach nach raibh sé chomh rathúil sin ag brú smaointe nua orthu.

*Foinse A*

Ní raibh eagraíocht ar bith roimhe seo, in áit ar bith ag am ar bith . . . a raibh an oiread cumhachta aici nó a bhain amach leibhéal 'iomlán' cumais le sceimhle agus le huafás a spreagadh sna daoine, chomh maith lena leibhéal ard éifeachta.

**Measúnú á dhéanamh ag an staraí Jacques Delarue ar ról an Gestapo sa Ghearmáin Naitsíoch.**



Ceanncheathrú an Gestapo

# An Ghearmáin Naitsíoch

*Foinse B*

Tá cumas tuisceana na mórshluaite an-lag agus teoranta. Mar sin de ba chóir don bholscaireacht éifeachtach bheith bunaithe ar choincheapa simplí . . . ní mór athrá leanúnach a dhéanamh le smaointe a chur isteach i gcuimhne an tslua . . . an rud is tábhachtaí . . . na comparáidí a phéinteáil dubh agus bán.

**Sliocht as *Mein Kampf* ar thábhacht na bolscaireachta do na Naitsithe.**

*Foinse C*

Trí innealra teicniúil cosúil leis an raidió agus leis an challaire baineadh cumas na smaointeoireachta neamhspleáiche d'ochtó milliún duine. Bhí siad faoi smacht ag toil fir amháin.

**Albert Speer, Aire Naitsíoch ag trácht ar thábhacht an raidió d'fheachtas bolscaireachta na Naitsithe.**

**1. Cad is ciall leis an téarma 'stát póilíneachta'?**

**2. Cad é an ról a bhí ag an SS sa Ghearmáin Naitsíoch?**

**3. Cad é an ról a bhí ag an Gestapo sa Ghearmáin?**


**4. Déan cur síos ar an saol i sluachampa géibhinn.**

**5. Cé chomh forleathan a bhí cinsireacht na Naitsithe?**

**6. Cad chuige a raibh an bholscaireacht chomh tábhachtach sin sa Ghearmáin Naitsíoch?**

**7. Cad iad na modhanna bolscaireachta a d'úsáid na Naitsithe?**

**8. Cé chomh rathúil a bhí na modhanna seo?**



## Tasc Breise

Cad é a thugann úsáid sceimhle agus úsáid bolscaireachta le fios fá dtaobh de dhearcadh na ngnáth-Ghearmánach i leith na Naitsithe?

### *Ná déantar dearmad*



*Ba iad an sceimhle agus an bholscaireacht an dá ghné ba thábhachtaí sa dóigh ar choinnigh na Naitsithe muintir na Gearmáine faoi smacht. Beidh na scrúdaitheoirí ag súil go mbeidh tú ábalta an dóigh ar úsáid siad na modhanna seo a mhíniú agus plé a dhéanamh faoina rathúla a bhí siad.*

# Aonad 5: Tionchar Pholasaithe na Naitsithe ar Shochaí na Gearmáine

Bhí tionchar ag polasaithe na Naitsithe, go díreach nó go hindíreach, ar gach saoránach sa tír. Bhí ceithre ghrúpa dhifriúla tábhachtach do na Naitsithe ar chúiseanna éagsúla.

### Mná

Shíl na Naitsithe go dtiocfadh áit na mban sa tsochaí a athchoimriú sna trí K-anna, mar a bhí Kinder, Kirche und Kuche nó Páistí, Eaglais agus Cócaireacht (Foinse A). Ar theacht chun cumhachta dó ba mhian le Hitler mná óga a spreagadh le pósadh agus le neart páistí Airianacha a bheith acu (Foinse B). Reachtaíodh an Dlí um Phósadh a Spreagadh i Meitheamh 1933. De réir an dlí seo tugadh iasacht 1000 marg do gach lánúin nuaphósta (thart fá thuarastal naoi mí). Bhí cead ag na daoine 25% den iasacht seo a choinneáil i ndiaidh bhreith gach páiste.


Ó 1933 ar aghaidh cuireadh iallach ar na mná éirí as a bpost agus fanacht sa bhaile. Bhí sé seo amhlaidh do mhná pósta agus mná a raibh post rialtais acu go háirithe. Iarradh ar mhná gléasadh ar bhealach faoi leith, gan smideadh a úsáid agus gan dul ar aiste bia. Tugadh duaiseanna speisialta, Cros na Máthar, do mháithreacha a raibh teaghlaigh mhóra acu. Bhí cúrsaí leasa níos fabhraí do dhaoine le cuid mhór páistí agus bhí níos lú cánach le híoc acu. Ba dheacair colscaradh a fháil nó ginmhilleadh a dhéanamh. Bhí scéim *Lebensborn* ann le lóistín a chur ar fáil do chailíní singile le páistí agus bhíothas ag súil go mbeadh níos mó páistí acu le fir Airianacha de chuid an SS.

Ba dhoiligh an tionchar a bhí ag na polasaithe seo a mheas. Cé gur mhéadaigh an ráta beireatais faoi 1939, bhí sé níos ísle ná mar a bhí idir 1922-26. Chomh maith leis sin lean cuid mhaith de na mná ar aghaidh ag obair mar go raibh ganntanas lucht saothair ann. Bhí laghdú suntasach ann i líon na mban gairmiúil.




Bean Airianach ag cothú a linbh. Léiríonn an póstaer seo dearcadh na Naitsithe i leith na mban. Deir sé 'Fásann an Ghearmáin trí mháithreacha láidre agus páistí folláine'.

# An Ghearmáin Naitsíoch



Leathanach as leabhar a d'fhoilsigh na Naitsithe do pháistí chun a dtuairimí frith-Sheimíteacha a chur chun tosaigh. Léirítear Giúdach, agus cuma shlítheánta air, ag déanamh iarrachta cailín Airianach a mhealladh.

## Oideachas

Seachas a dteaghlach ba í an scoil an tionchar ba mhó a bhí ar shaol na ndaoine óga. D'úsáid na Naitsithe scoileanna le dílseacht agus umhlaíocht dá réimeas a spreagadh agus fealsúnacht fhrith-Sheimíteach a chur chun cinn.

Bhí smacht ag na Naitsithe ar theagasc sna scoileanna sa dóigh go raibh sé ar a gcumas na daoine óga a shíolteagasc le smaointe Naitsíocha (Foinse C). Ó 1933 gríosaíodh múinteoirí le freastal ar champaí traenála le go mbeadh siad ábalta creideamh na Naitsithe a theagasc níb éifeachtaí. Faoi 1939 bhí suas le 97% de na múinteoirí ina mbaill den NSLB (Conradh Sóisialach Náisiúnta na Múinteoirí). Tugadh an bóthar do mhúinteoirí nár chomhoibrigh le réimeas na Naitsithe agus, ar ndóigh, do mhúinteoirí ar Ghiúdaigh iad. Leag curaclam na Naitsithe béim ar Chorpoiliúint, Stair, Bitheolaíocht agus Tíreolaíocht. Athraíodh na hábhair seo le meáchan a thabhairt do thuairimí na Naitsithe (Foinse D). Bhí ar théacsleabhair bheith ceadaithe ón rialtas agus lean buachaillí agus cailíní curaclaim dhifriúla. Bhunaigh an SS scoileanna speisialta le ceannairí na Gearmáine don todhchaí a theagasc agus cuireadh gasúir a aithníodh go raibh mianach an pholaiteora iontu go Scoileanna Adolf Hitler, áit ar tugadh oideachas míleata dóibh.

## Daoine óga

I 1932, ní raibh ach 100,000 duine óg mar bhaill de ghrúpaí óige Naitsíocha. Ó 1933 spreag na Naitsithe níos mó daoine óga le dul isteach in Ógra Hitler agus tugadh beagnach gach eagraíocht óige eile faoina smacht nó druideadh síos iad. Bhí eagraíochtaí difriúla ann do bhuachaillí agus do chailíní, mar atá léirithe sa tábla thíos.

| Aois | **Eagraíochtaí do bhuachaillí** | **Eagraíochtaí do chailíní** |
|---|---|---|
| 10-14 | **Deutsches Jungvolk (DJ)** (Aos Óg na Gearmáine) | **Jung Mädel (JM)** Conradh na gCailíní Óga |
| 14-18 | **Hitler Jugend (HJ)** (Ógra Hitler) | **Bund Deutscher Mädel (BDM)** Conradh Chailíní na Gearmáine |



Bhí spéis phearsanta ag Hitler in Ógra Hitler.

# An Ghearmáin Naitsíoch

B'éigean do na daoine óga tástálacha folláine a dhéanamh agus tugadh ar shiúl go campaí iad, áit ar cuireadh oiliúint mhíleata ar na buachaillí agus ar spreagadh na cailíní le bheith folláin mar ullmhúchán don mháithreachas. Faoi 1936 bhí sé beagnach dodhéanta gan a bheith páirteach in Ógra Hitler ach ní raibh ballraíocht riachtanach ann go dtí 1939. Fán am sin bhí os cionn 7 milliún ball sna grúpaí seo.



Baill d'Ógra Hitler.


Ní raibh an mhuintir óga uilig sásta bheith faoi smacht na Naitsithe. Faoi dheireadh na 1930í tá fianaise ann go raibh méadú ar an mhéid ógánach nach raibh sásta leis an réimeas seo. Sheachain cuid de na daoine óga seo eagraíochtaí na Naitsithe agus bhunaigh siad a n-eagraíochtaí féin. Ba iad Foghlaithe Edelweiß (Edelweißpiraten) an grúpa ba mhó acu seo agus bhí grúpa eile ann darbh ainm Swingjugend (Ógra an luasc-cheoil). Rinne na grúpaí seo iarracht cur isteach ar na Naitsithe trí shluáin a scríobh ar na ballaí agus éisteacht le ceol nua-aimseartha.


Baill de na Edelweißpiraten

## Na heaglaisí

Rinne na Naitsithe iarracht na heaglaisí sa Ghearmáin a chur faoina smacht (Foinse E). In Iúil 1933, socraíodh conradh leis an Phápa (an Choncordáid). Thug an Choncordáid cead don Eaglais Chaitliceach a scoileanna agus a cuid eagraíochtaí óige a choinneáil. Faoi 1936, áfach, bhí deireadh leis an chead speisialta seo. I 1937 cháin an Pápa Pius XI réimeas na Naitsithe agus labhair ceannairí na heaglaise sa Ghearmáin ar nós an Easpaig Galen amach in éadan pholasaithe na Naitsithe (Foinse F).

Bhí scoilt san Eaglais Phrotastúnach maidir le tacaíocht a thabhairt do na Naitsithe. Bhunaigh siad siúd a bhí ar son na Naitsithe na Críostaithe Gearmánacha. Ba é Ludwig Muller a gceannaire agus ceapadh ina Easpag ar an Reich é i mí Iúil 1933. Bhunaigh na Protastúnaigh nár aontaigh leis an Naitsíochas an Eaglais Fhógartha in Aibreán 1934. Cháin an Eaglais seo an réimeas agus bhí siad in éadan smacht an stáit ar an Eaglais. Gabhadh duine dá gceannairí, an tUrramach Martin Niemöller i 1937 agus cuireadh go sluachampa géibhinn Dachau é, áit ar fhan sé go dtí deireadh an chogaidh i 1945. I ndiaidh an chogaidh, scríobh sé dán clúiteach faoina sheasamh.


Labhair an tEaspag Clemens von Galen amach in éadan na Naitsithe agus a gcuid polasaithe. I Lúnasa 1941, thug sé seanmóir chlúiteach in éadan pholasaí eotanáise na Naitsithe.


# An Ghearmáin Naitsíoch




Slua de 20,000 duine ag Pálás Spóirt Bheirlín, 13 Samhain, 1933. Bhí siad ag éisteacht le Reinhold Krause ag rá gur chóir gach tionchar Giúdach a ghlanadh amach as an Chríostaíocht.

Bhunaigh na Naitsithe a n-eaglais féin i 1934, eaglais darbh ainm Críostaithe Gearmánacha. Bhí an eaglais seo bunaithe ar an phágántacht, ní ar luachanna Críostaí agus ba bheag ball a mheall siad. Bheadh rath ní b'fhearr ar an eaglais seo dá mbainfeadh Hitler an cogadh.

Theip ar na Naitsithe reiligiún a chloí ach bhí siad ábalta tionchar na hEaglaise ar na daoine a laghdú go suntasach. Cé gur labhair baill aonair den chléir amach in éadan na Naitsithe ba léir gurbh é príomhaidhm na heaglaise a chinntiú go dtiocfadh siad féin slán as réimeas na Naitsithe.




*Foinse A*

Is é misean na mban bheith galánta agus páistí a thabhairt ar an saol.

**Goebbels ag trácht ar ról na mban faoin Sóisialachas Náisiúnta i 1929.**

Bhí Martin Niemöller ina cheannaire ar an Bekennende Kirche ('eaglais an duine a admhaíonn'), eaglais a labhair amach in éadan na Naitsithe.

# An Ghearmáin Naitsíoch

Foinse B

Cláraíodh cailíní óga a bhí deich mbliana agus níos sine in eagraíochtaí agus múineadh dhá rud dóibh: aire a thabhairt dá gcorp sa dóigh go mbeadh siad ábalta neart páistí a bheith acu agus bheith dílis don Sóisialachas Náisiúnta.

**Dearcadh ar pholasaithe na Naitsithe i leith na mban a foilsíodh i 1939.**

*Foinse C*

Aidhm iomlán an oideachais Naitsithe a chruthú.

**Míníonn Aire Oideachais na Naitsithe ról an oideachais faoin Sóisialachas Náisiúnta.**

*Foinse D*

Caithfidh gach ábhar, Gearmáinis, Stair, Tíreolaíocht, Ceimic agus Mata díriú ar chúrsaí míleata – glóir a thabhairt don tseirbhís mhíleata agus mórtas a dhéanamh as laochra agus ceannairí na Gearmáine.

**Míniú ar ról na n-ábhar difriúil i gcóras oideachais na Naitsithe. Arna ghlacadh ó *Der Angriff*, Deireadh Fómhair 1939.**

*Foinse E*

Tá creideamh domhain ag an Führer cé go bhfuil sé frith-Chríostaí. Dar leis gur comhartha na lofachta atá sa Chríostaíocht.

**Goebbels ag scríobh faoi dhearcadh Hitler ar reiligiún, Nollaig 1939.**



An tEaspag Ludwig Müller, ceannaire Chríostaithe Gearmánacha, eaglais a thacaigh leis na Naitsithe.

*Foinse F*

Má ghlacann tú leis an phrionsabal gur féidir baill den chine dhaonna nach bhfuil ag táirgeadh a mharú, is mairg dúinn uilig nuair a bheimid aosta agus lag . . . Mo bhrón an cine daonna, mo bhrón náisiún s'againn na Gearmáine más amhlaidh ní amháin go mbristear aithne naofa Dé 'ná déan marú' . . . ach go nglacfar leis seo agus go ligfí don ghníomh seo dul gan phionós.

**An tEaspag Galen ag cáineadh pholasaithe na Naitsithe i Lúnasa 1941.**

# An Ghearmáin Naitsíoch

**1. Cad é an ról a bhí ag na mná, dar leis na Naitsithe?**

**2. Cad chuige a raibh daoine óga chomh tábhachtach sin do na Naitsithe?**

**3. Cad chuige a ndearna na Naitsithe iarracht tionchar na Críostaíochta a theorannú sa Ghearmáin?**

**4. Cad iad na buanna agus na teipeanna a bhí ag na Naitsithe sna réimsí seo a leanas; beidh dhá pharagraf de dhíth mar fhreagra ar gach ceann:**

- **Mná**
- **Oideachas agus daoine óga**
- **Creideamh**

**5. Scríobh trí rud faoi na daoine seo a leanas:**


- **Ludwig Müller**
- **Martin Niemöller**
- **An tEaspag Galen**



### Tasc Breise

An mbeadh sé indéanta go deo iompar mhuintir na Gearmáine a smachtú?

### *Ná déantar dearmad*



*Tá sé tábhachtach go dtuigeann tú cad chuige agus cén dóigh a ndearna na Naitsithe iarracht na gnéithe uilig de shaol mhuintir na Gearmáine a smachtú. Beidh na scrúdaitheoirí ag súil go mbeidh tú ábalta a mheas cé chomh rathúil a bhí na Naitsithe ag smachtú na ndaoine sna réimsí seo fosta.*

**Tábla eolais**

Líon na ndaoine óga a bhí páirteach in eagraíochtaí óige na Naitsithe 1932-39

| Bliain | Ógra Hitler | Aos Óg na Gearmáine | Conradh Chailíní na Gearmáine | Conradh na gCailíní Óga | Iomlán | Daonra Iomlán ó aois 10-18 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1932 | 55,365 | 28,691 | 19,244 | 4,656 | 107,956 | |
| 1933 | 568,288 | 1,130,531 | 243,750 | 349,482 | 2,292,041 | 7,529,000 |
| 1935 | 829,361 | 1,498,209 | 569,599 | 1,046,134 | 3,943,303 | 8,172,000 |
| 1937 | 1,237,078 | 1,884,883 | 1,035,804 | 1,722,190 | 5,879,955 | 9,060,000 |
| 1939 | 1,723,886 | 2,137,594 | 1,502,571 | 1,923,419 | 7,287,470 | 8,870,000 |

# Aonad 6: An Frith-Sheimíteachas agus Ceist na nGiúdach

### Frith-Sheimíteachas Hitler

Chreid na Naitsithe gurb é an cine Airianach an príomhchine agus ba mhian leo tír de ghlanphór cine a chruthú sa Ghearmáin. Chreid siad sa Darwineachas Sóisialta a lúb coincheap bhua na hoiriúnachta, ag rá gur ag an té is láidre an ceart. Dar leo, mar sin, go raibh gá le díothú na gciníocha íochtaránacha ar nós na nGiúdach.

Thug Hitler le fios go luath ina shaol polaitiúil go raibh fuath aige do na Giúdaigh. Chuir sé an locht ar na Giúdaigh as cuid mhór d'fhadhbanna na tíre. Dúirt sé go soiléir cad é ba mhian leis a dhéanamh leo (Foinse A). Ina leabhar *Mein Kampf* léirigh sé a chreideamh gurbh é an cine Airianach an máistirchine a bhí níos fearr ná gach cine eile, Giúdaigh san áireamh. Mhaígh sé nár chóir do na ciníocha éagsúla ar nós na nAirianach agus na nGiúdach meascadh mar go ndéanfadh sé seo an cine Airianach ní ba laige. Níor ghlac an chuid ba mhó de mhuintir na Gearmáine tuairimí frith-Ghiúdacha Hitler go dáiríre sular tháinig sé chun cumhachta i 1933.



Giúdach ón oirthear léirithe i leabhar Naitsíoch dar teideal *An Giúdach Síoraí*. Tabhair faoi deara go bhfuil a lámh amuigh ag iarraidh déirce, fuip ina lámh eile agus comhartha an chumannachais faoina ascaill aige.

### Polasaithe na Naitsithe i leith na nGiúdach

Bhí an frith-Sheimíteachas go forleathan i dtíortha na hEorpa leis na céadta bliain. Ó thús an 20ú haois bhí sé le sonrú i dtíortha Eorpacha ar nós na Fraince, na Rúise agus na Gearmáine. Ó dheireadh an 19ú céad ar aghaidh, theith go leor Giúdach ón Rúis, áit ar fhulaing siad géarleanúint, agus chuir siad fúthu sa Ghearmáin. Tugadh Ostjuden orthu (Giúdaigh ón oirthear).

Cé go raibh tromlach na nGiúdach sa Ghearmáin bocht bhí go leor acu a bhain ardstádas amach sna gairmeacha agus i gcúrsaí gnó. Ní raibh sna Giúdaigh ach 1% den daonra ach bhí 10,000 de dhochtúirí na Gearmáine ina nGiúdaigh. Ba Ghiúdaigh iad 16% de dhlíodóirí na tíre agus 17% de na baincéirí. Bhí drochghnaoi ag an phobal ar úsairí Giúdacha a rinne go maith as an ghéarchéim eacnamaíochta le linn Bhlianta

# An Ghearmáin Naitsíoch



Léirítear dearcadh na Naitsithe i leith na nGiúdach sa leabhar seo do pháistí. Tá an fear Airianach ar clé ard, láidir agus maith ag obair agus an Giúdach ramhar, gránna agus saibhir.

Weimar. Agus an Spealadh Mór ar siúl b'fhurasta ag na Naitsithe a chur ina luí ar an phobal gurbh ar na Giúdaigh a bhí an locht as drochstaid eacnamaíoch na tíre agus go raibh sé de rún acu seilbh a fháil ar an domhan.

Ar theacht chun cumhachta dó, thosaigh Hitler a chur a thuairimí frith-Sheimíteacha i bhfeidhm ina chuid polasaithe. Thosaigh an rialtas a imeallú na nGiúdach ón chuid eile den phobal. Níorbh fhada gur thosaigh na Giúdaigh a chailleadh a bpost agus séanadh na cearta a bhí ag na gnáth-Ghearmánaigh orthu. Mhéadaigh leithcheal i leith na nGiúdach ó 1933 ar aghaidh agus chuaigh se seo i bhfeidhm ar a saol ar dhóigheanna difriúla. Sampla amháin den idirdhealú seo ná an baghcat a rinneadh ar shiopaí Giúdacha in Aibreán 1933 (Foinse B).

## Fostaíocht

In Aibreán 1933, cuireadh cosc ar Ghiúdaigh post rialtais a bheith acu. Go luath ina dhiaidh sin, cuireadh teorainn ar dhochtúirí agus ar fhiaclóirí Giúdacha. I nDeireadh Fómhair 1933, dhaingnigh na Naitsithe a ngreim ar na meáin chumarsáide agus ní raibh cead ag Giúdaigh post a bheith acu i nuachtáin ná ag craoladh ar an raidió. Thug roinnt de na monarchana móra an bóthar dá gcuid oibrithe Giúdacha agus cuireadh cosc ar Ghiúdaigh dul isteach san arm i 1935. Faoi 1938 ní raibh cead ag dochtúirí, dlíodóirí ná fiaclóirí Giúdacha cliaint Airianacha a bheith acu.


I Samhain 1938, reachtaíodh forógra nua ag cur cosc iomlán ar Ghiúdaigh ó shaol eacnamaíoch na Gearmáine. Ní raibh cead acu seilbh a bheith acu ar shiopa ná ar ghnólachtaí a thuilleadh. I Nollaig 1938, druideadh nó glacadh seilbh ar na gnólachtaí Giúdacha a bhí fágtha agus faoi 1939 cuireadh cosc ar na Giúdaigh a raibh post acu bheith ag obair le hAirianaigh.




Ba é an tús a chuir na Naitsithe lena bhfeachtas in éadan na nGiúdach Réalta Dháiví a phéinteáil ar thosaigh siopaí ar le Giúdaigh iad. B'fhusa iad a aithint lá níb'fhaide anonn.

# An Ghearmáin Naitsíoch

### Cearta maoine
Reachtaíodh dlí go luath i 1933 ag cur cosc ar Ghiúdaigh seilbh a bheith acu ar thalamh agus ar fheirmeacha. Faoi dhlíthe Nürnberg i 1935 níor glacadh leis na Giúdaigh ní ba mhó mar shaoránaigh Ghearmánacha. Toradh a bhain leis seo gur chaill na Giúdaigh cuid dá gcearta maoine. Faoi 1938 bhí sé riachtanach ag Giúdaigh a gcuid maoine a chlárú agus dá bhrí sin bhí sé níb'fhusa ag na Naitsithe seilbh a ghabháil uirthi. Bhí an chuid ba mhó de mhaoin na nGiúdach caillte faoi 1939 agus i seilbh na Naitsithe.



Cairt a scaipeadh le Dlíthe Nürnberg a mhíniú. Ba Ghiúdaigh iad na daoine a raibh triúr nó níos mó dá ngarthuismitheoirí ina nGiúdaigh, rud a léiríodh le ciorcal dubh. Ba Ghearmánaigh iad siúd a raibh na ciorcail bhána acu.


### Dlíthe Nürnberg
B'iad Dlíthe Nürnberg a reachtaíodh ar 15 Meán Fómhair 1935 an chéad mhórchéim reachtaíochta in éadan na nGiúdach. Bhí sé mar aidhm ag na dlíthe seo a gcearta sibhialta, polaitiúla agus dlíthiúla a bhaint de na Giúdaigh (Foinse C). Bhí dhá ghné shuntasacha leis na dlíthe seo:

I dtús báire cinntíodh gur géillsinigh iad na Giúdaigh agus ní saoránaigh. Bhain sé seo a gcearta polaitiúla díobh.

Ansin cinntíodh go raibh pósadh agus caidreamh gnéis taobh amuigh den phósadh mí-dhleathach idir Giúdaigh agus Airianaigh.

Rinne dlíthe Nürnberg saoránaigh den dara grád de na Giúdaigh ina dtír féin. Méadaíodh an t-idirdhealú seo le himeacht aimsire. Faoi 1938 bhí sé riachtanach ag Giúdaigh cártaí aitheantais a iompar le J an-soiléir orthu ('Jude' an Ghearmáinis ar 'Giúdach'). Bliain ina dhiaidh sin bhí ar Ghiúdaigh ainmneacha baiste nua a ghlacadh: Sarah do na mná agus Israel do na fir.

### Oíche na Gloine Briste (Kristallnacht)
Mhaolaigh ar ghéarleanúint na nGiúdach le linn Chluichí Oilimpeacha Bheirlín i 1936 ach taobh istigh de dhá bhliain bhí an ghéarleanúint ní ba mheasa ná riamh. Mharaigh mac léinn Giúdach taidhleoir Gearmánach i bPáras ar 7 Samhain 1938 agus d'úsáid na Naitsithe an eachtra seo mar leithscéal le hionsaí fíochmhar a dhéanamh ar an phobal Ghiúdach sa Ghearmáin. D'ordaigh Goebbels ionsaithe ar mhaoin na nGiúdach, siopaí, gnólachtaí, tithe agus sionagóga. Tugadh *Kristallnacht* ar an eachtra seo.


Duine ag amharc ar an damáiste a rinneadh ar shiopa Giúdach le linn Oíche na Gloine Briste.

# An Ghearmáin Naitsíoch



Rinneadh go leor damáiste do mhaoin Ghiúdach mar aon lena gcuid sionagóg. Sa phictiúr seo feictear a raibh fágtha de shionagóg i mBeirlín i ndiaidh do na Naitsithe í a ionsaí.

Thit an gníomh sceimhle seo amach ar 9-10 Samhain 1938 agus ba iad an SS a bhí freagrach as na hionsaithe a eagrú agus a chomhordú (Foinse D). D'eisigh an SS orduithe soiléire nach stadfadh na póilíní an scrios ar mhaoin Giúdach ach ag an am céanna nach raibh damáiste ar bith le bheith déanta ar na gnáth-Ghearmánaigh. Loiteadh níos mó ná 400 sionagóg agus 7,500 siopa. Maraíodh 91 Giúdach agus faoi Mhárta 1939 bhí níos mó ná 30,000 Giúdach curtha go sluachampaí géibhinn. Mar mhasla deiridh gearradh fíneáil 1 billiún marg ar an phobal Ghiúdach as an damáiste a rinneadh ar Oíche na Gloine Briste agus tugadh orthu na sráideanna a ghlanadh ar a lámha agus ar a nglúine.

## An Réiteach Deiridh

I ndiaidh 1938 cuireadh níos mó polasaithe frith-Ghiúdacha i bhfeidhm. Mar thoradh orthu seo thug go leor den phobal Ghiúdach an imirce orthu féin agus d'fhág siad a dtír dhúchais. Bhí go leor eile a d'fhan sa Ghearmáin, áfach, agus cuireadh leis an imeallú a rinneadh orthu nuair a tugadh orthu réalta bhuí a chaitheamh lena thabhairt le fios gur Ghiúdaigh iad.

Dar leis an rialtas nár fhág go leor Giúdach an tír agus chuardaigh siad réiteach eile. Faoi Shamhain 1938 bhí Göring ag éileamh "go réiteofaí go cinnte ceist na nGiúdach ar ais nó ar éigean" (.i. bealach amháin nó bealach eile).

I 1939 chuir Hitler in iúl go mbeadh "díothú an chine Ghiúdaigh san Eoraip" mar thoradh ar chogadh ar bith a bhrisfeadh amach. Nuair a bhris an Dara Cogadh Domhanda amach d'fhorbair na Naitsithe a bpolasaithe i dtreo an 'Réitigh Dheirigh' nó an tUileloscadh mar is fearr eolas againn inniu air.



Teaghlach Giúdach ag imeacht leo. Ní fios cá bhfuil a dtriall – an imirce nó sluachampa géibhinn, ach tabhair faoi deara Réalta Dháiví ar a gcuid éadaí.

# An Ghearmáin Naitsíoch

*Foinse A*

Chomh luath agus a bhainim amach suíochán na cumhachta tógfaidh mé crocha i ndiaidh a chéile . . . ansin crochfar na Giúdaigh duine i ndiaidh duine agus fágfar ansin iad go dtí go mbeidh siad lofa, bréan.

**Hitler ag léiriú a aidhmeanna i leith na nGiúdach, 1922.**

*Foinse B*

Ar an chéad lá d'Aibreán 1933, nuair a bhuaileann an clog a deich cuirfear tús leis an bhaghcat ar ghnólachtaí, siopaí, dochtúirí agus dlíodóirí na nGiúdach - deich míle ollchruinniú. D'fhógair na Giúdaigh cogadh ar 65 milliún anois tá siadsan le cur faoi ionsaí san áit is mó a ngortófar iad.

**An nuachtán Naitsíoch *Volkischer Beobachter*, ag iarraidh ar mhuintir na Gearmáine baghcat a dhéanamh ar ghnólachtaí Giúdacha, 30 Márta 1933.**

*Foinse C*

Dlí Saoránachta an Reich:
Alt IV: (1) Ní féidir le Giúdach bheith ina shaoránach den Reich.

An Dlí um Chosaint na Fola agus na hOnóra Gearmánaí:
Alt 1: (1) As seo amach tá cosc iomlán ar phósadh ar bith idir Giúdach agus saoránach ar bith de shliocht Gearmánach.

**Sliocht as Dlíthe Nürnberg, Meán Fómhair 1935.**




An suaitheantas de réalta Dháiví a raibh ar na Giúdaigh a chaitheamh ar a gcuid éadaí an t-am ar fad.

# An Ghearmáin Naitsíoch

*Foinse D*

Ní féidir gníomhú ach ar bhealach nach gcuirfí i mbaol beatha ná maoin na nGearmánach - mar shampla ní féidir sionagóga a dhó má tá contúirt ann go loitfí na foirgnimh taobh leo. Tá sé ceadaithe tithe agus gnólachtaí Giúdacha a scriosadh. Níl cead ag na póilíní cur isteach ar agóid ar bith a dhéanfar.

**Treoracha a d'eisigh Biúró Slándála an Reich faoi eachtraí 9-10 Samhain 1938.**

**1. Cad iad na teoiricí ciníocha a bhí ag Hitler?**

**2. Cad chuige a raibh an oiread sin frith-Sheimíteachais sa Ghearmáin ag tús an 20ú céad?**

**3. Cén tábhacht a bhain le Dlíthe Nürnberg maidir le saol na nGiúdach sa Ghearmáin a athrú?**

**4. Mínigh Kristallnacht faoi na teidil seo a leanas:**

- **Fáthanna**
- **Imeachtaí**
- **Torthaí**

**5. Tarraing amlíne ag léiriú na gcéimeanna difriúla i bpolasaithe na Naitsithe i leith na nGiúdach?**


## Tasc Breise



Cad chuige nach raibh níos mó daoine ag labhairt amach faoi pholasaithe na Naitsithe i leith na nGiúdach sa Ghearmáin?

*Ná déantar dearmad*

Tá sé deacair i gcónaí an frith-Sheimíteachas a phlé. Cuimhnigh go mbeidh ort staidéar a dhéanamh ar thionchar na Naitsithe ar na Giúdaigh idir 1933 agus 1941. Beidh na scrúdaitheoirí ag súil go mbeidh a fhios agat na dóigheanna éagsúla a ndearna na Naitsithe géarleanúint ar na Giúdaigh agus na dóigheanna ar athraigh agus ar fhorbair siad iad seo i ndiaidh 1933.



# Aonad 7: Aidhmeanna Pholasaí Eachtrach Hitler



Chuir go leor de mhuintir na hOstaire fáilte roimh na saighdiúirí Gearmánacha.

Bhí athréimniú na Gearmáine mar cheann de thíortha cumhachtacha na hEorpa mar aidhm ag Hitler leis na blianta. Leag sé amach na smaointe seo agus an dóigh a raibh sé ar intinn aige na haidhmeanna s'aige a bhaint amach ina chlár 25 pointe agus ina leabhar *Mein Kampf* (Foinse A). Mhaígh Hitler go mbeadh ar athruithe tarlú i dtrí réimse dhifriúla:

### 1. Neart míleata na Gearmáine a athbhunú

Ba mhian le Hitler na téarmaí míleata i gConradh Versailles, a chuir teorainn le harm na Gearmáine, a chur ar ceal (Foinse B). Bhí sé seo an-tábhachtach ar an ábhar go raibh a aidhmeanna eachtracha eile ag brath go mór ar arm láidir a bheith ag an tír.




### 2. Na Gearmánaigh uilig a aontú sa Tríú Reich (Großdeutschland)

Ba ghné thábhachtach dá pholasaí eachtrach é na Gearmánaigh uilig a bheith ina gcónaí taobh istigh den Ghearmáin Mhór, bhí an aidhm seo ceangailte lena theoiricí ciníocha. Leag bolscaireacht na Naitsithe béim ar gach duine a bhain leis an chine Ghearmánach bheith ina gcónaí i stát mór amháin.

Dúirt Hitler go mbeadh athruithe le teacht ar theorainneacha oirthearacha na Gearmáine leis na Gearmánaigh a bhí ina gcónaí i stáit eile a thabhairt isteach sa Tríú Reich. Bheadh tionchar nach beag aige seo ar na daoine a bhí ina gcónaí i mBealach na Polainne, san Ostair agus sa tSúidéatlainn sa tSeicslóvaic.

Na Naitsithe ag iarraidh cuidiú ó mhuintir na hÍsiltíre.

# An Ghearmáin Naitsíoch

## Spás áitrithe a chruthú (Lebensraum)




Cartún ag léiriú mhian na Naitsithe le Lebensraum a bhaint amach san oirthear.

Bhí na Naitsithe ag iarraidh níos mó ná teorainn 1914 a athbhunú. Bhí sé scríofa in *Mein Kampf* go raibh ar an Ghearmáin tailte agus críocha nua a bhaint amach leis an daonra Gearmánach a chothú agus a mhéadú. Mhaígh Hitler go mbeadh an talamh seo le baint ó stáit oirthear na hEorpa, ina raibh ciníocha íochtaránacha, agus go háirithe ó phríomhnamhaid na Gearmáine, an Rúis Chumannach. Dhéanfadh an leathnú amach san oirthear áit na Gearmáine mar thír thábhachtach chumhachtach a dheimhniú.

Bhí gá le Conradh Versailles, a raibh fuath ag na Gearmánaigh air, a chealú ar fad. Bhain Hitler agus na Naitsithe tairbhe i gcónaí as an fhuath a bhí ag muintir na Gearmáine ar an Chonradh. Cháin bolscaireacht na Naitsithe an Conradh agus gheall Hitler é a fhreaschur (.i. deireadh a chur leis) nuair a bheadh an chumhacht sa Ghearmáin aige. Ghnóthaigh na geallúintí seo cuid mhór tacaíochta do Hitler agus do na Naitsithe.

*Foinse A*

Éilímid go mbeidh na Gearmánaigh uilig aontaithe i nGearmáin Mhór amháin a bheidh bunaithe ar an cheart ar fhéintreorú náisiúnta. Éilímid comhionnanas do mhuintir na Gearmáine agus iad ag plé le náisiúin eile agus deireadh a chur le conarthaí síochána Versailles agus St Germain. Éilímid talamh agus críocha (coilíneachtaí) lenár ndaoine a chothú agus a lonnú iontu.

**Sliocht as an Chlár 25 Pointe.**



Bhí na Naitsithe ag iarraidh an pobal a thabhairt leo agus iad ag cur leis an Ghearmáin. Sa phictiúr sa phictiúr seo tá an Reichstag ag ceiliúradh an Anschluß (aontú) leis an Ostair. Bhí an Anschluß mar chuid lárnach de pholasaí eachtrach na Naitsithe.

# An Ghearmáin Naitsíoch

*Foinse B*

Tá an Conradh greanta agus dóite isteach in intinn agus i gcroí mhuintir na Gearmáine. Mothóidh 60 milliún duine lasracha na feirge agus na náire ina n-anam. Ansin scairtfidh na daoine as béal a chéile: "Beidh airm againn in athuair".

**Hitler ag scríobh faoi thionchar Chonradh Versailles ar mhuintir na Gearmáine ina leabhar *Mein Kampf*.**

*Foinse C*

Ní féidir ach le spás atá mór go leor ar an domhan seo neamhspleáchas náisiúin a chinntiú . . . Caithfidh gabháil talaimh agus ithreach a bheith mar phríomhaidhm againn inár bpolasaí eachtrach. . . Táimid ag tiontú ár radhairc i dtreo thailte an oirthir.


**Sliocht as *Mein Kampf* faoin ghá a bhí ag na Gearmánaigh le spás áitrithe.**

**1. Cad iad príomhaidhmeanna eachtracha Hitler?**

**2. Cad chuige a mbeadh ar an Ghearmáin bheith láidir go míleata lena cuid aidhmeanna eachtracha a bhaint amach?**

**3. Ainmnigh na tíortha a raibh mionlaigh shuntasacha Gearmánach iontu?**


**4. Cad is ciall le *Lebensraum*? Cad chuige a raibh sé seo de dhíth ar na Gearmánaigh?**



**Tasc Breise**

An raibh sé indéanta ag Hitler a chuid aidhmeanna a bhaint amach gan an chogaíocht?

# Aonad 8: Blianta an Chúraim – Polasaí Eachtracha na Naitsithe 1933-35




Sa chartún seo tá Hitler ag rá: 'D'oibrigh sé sa Reichstag, cad chuige nach n-oibreodh sé anseo?'


## Cumhacht mhíleata na Gearmáine a athbhunú

Bhí ar Hitler gníomhú go cúramach go dtí go raibh daingniú cumhachta bainte amach aige. Rinne sé cinneadh go mbeadh air neart míleata traidisiúnta na Gearmáine a athbhunú sula dtiocfadh leis a chuid aidhmeanna uaillmhianacha eachtracha a thabhairt i gcrích. Chuir Hitler é féin chun tosaigh go poiblí mar státaire a bhí ar son na síochána. Bhí a theachtaireacht phríobháideach iontach difriúil. Fiú amháin i bhFeabhra 1933 bhí Hitler ag insint don arm go mbeadh deireadh le Conradh Versailles agus go mbeadh atharmáil mar phríomhthosaíocht acu.

## Comhdháil dí-armála

Ag comhdháil síochána Pháras agus na comhghuaillithe ag socrú Chonradh Versailles i 1919 shocraigh siad go ndí-armálfaí gach tír. In ainneoin na socruithe seo ba í an Ghearmáin an t-aon tír amháin a chomhlíon an téarma seo den chonradh. Socraíodh ar chomhdháil a reáchtáil sa Ghinéiv i 1933 leis an cheist chonspóideach seo a phlé.

D'ordaigh Hitler do thoscairí na Gearmáine a áitiú ar na tíortha eile a bhí i láthair gur chóir dóibh eiseamláir na Gearmáine a leanúint agus dí-armáil a dhéanamh. Nuair a dhiúltaigh an Fhrainc glacadh leis seo tharraing Hitler an Ghearmáin amach as an chomhdháil agus as Conradh na Náisiún chomh maith. A fhad is a bhí sé seo ar siúl aige bhí sé ag cothú cairdis le tíortha eile. Shínigh an Ghearmáin Comhaontú Neamhionsaitheach leis an Pholainn i 1934 (Foinse A).




Póstaer Naitsíoch ag maíomh go bhfuil tíortha eile na hEorpa ag caitheamh i bhfad níos mó ná an Ghearmáin ar airm. Ar clé tá an méid atá á chaitheamh agus ar dheis tá an céatadán de chaiteachas na tíre.

# An Ghearmáin Naitsíoch



Eitleán de chuid an Luftwaffe

## Méadú na bhfórsaí armtha

Bhí an Ghearmáin ag briseadh théarmaí míleata Chonradh Versailles go rúnda le linn bhlianta Phoblacht Weimar. Faoi Hitler, áfach, níor bacadh leis na sáruithe seo a choinneáil faoi rún a thuilleadh agus diúltaíodh go poiblí don Chonradh. Go dtí an bhliain 1935 bhí ar Hitler bheith an-chúramach ar eagla go mbeadh gníomhaíocht Angla-Fhrancach ina éadan.

D'fhás arm na Gearmáine diaidh ar ndiaidh le linn na mblianta seo ar bhealach nach raibh infheicthe. D'athraigh rudaí i 1935 nuair nach dtiocfadh leis na Naitsithe méadú na bhFórsaí Armtha a cheilt nó a shéanadh. Bhí 100,000 saighdiúir in arm na Gearmáine i 1933 ach d'fhás sé sin go 400,000 faoi 1935 agus bhíothas ag súil go mbeadh 550,000 ann faoi 1939. Thosaigh an cabhlach a thógáil cathlong agus fomhuireán agus bhí 2,500 eitleán ag an Luftwaffe (aerfhórsa) i 1935 i gcomparáid le cúpla céad i 1933.

Mhéadaigh caiteachas míleata ó 3 billiún marg i 1933 go níos mó ná 9 billiún marg i 1935. Bheadh ar a gcumas ag na Gearmánaigh dúshlán na hEorpa a thabhairt leis an fhás as cuimse ina bhfórsaí armtha.

## Buanna taidhleoireachta agus easaontas na gcomhghuaillithe


In Eanáir 1935 bhí pobalbhreith ann lena shocrú cé a bhí chun an tSáir (ceantar sa Ghearmáin a baineadh díobh i ndiaidh Chonradh Versailles) a reáchtáil. Ba é seo an chéad bhua suntasach ina pholasaí eachtrach ag Hitler mar vótáil 90% de na daoine i bhfabhar dul ar ais faoi smacht na Gearmáine. Ar 9 Márta d'fhógair Hitler go mbeadh coinscríobh ann agus ag an am céanna d'fhógair sé nach gcloífeadh an Ghearmáin le Conradh Versailles a thuilleadh.

Tháinig ceannairí na hIodáile, na Breataine agus na Fraince le chéile mí ina dhiaidh sin in áit darb ainm Stresa. An aidhm a bhí acu seasamh le chéile le stop a chur leis an Ghearmáin ina hiarrachtaí Conradh Versailles a threascairt. Níor mhair an chomhghuaillíocht seo in éadan Hitler ró-fhada, áfach. Thit an socrú seo as a chéile taobh istigh de dhá mhí nuair a shínigh an Bhreatain Comhaontú Cabhlaigh leis an Ghearmáin. Cheadaigh sé seo don Ghearmáin cabhlach a thógáil a bhí faoi 35% de mhéid chabhlach na Breataine.




Póstaer Naitsíoch ag iarraidh ar Ghearmánaigh tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do na daoine sa tSáir. Tá lámh an fhir Airianaigh sínte amach ag fáiltiú roimh mhuintir na Sáire ar ais chun na Gearmáine.

# An Ghearmáin Naitsíoch



Cathlong chlúiteach de chuid chabhlach na Gearmáine darbh ainm an Bismarck. D'ordaigh Hitler tógáil na loinge seo i 1935.

Ba bhua taidhleoireachta eile é an conradh seo do Hitler mar nach raibh ag an Ghearmáin ach thart fá 10% de na longa cogaidh a bhí ag an Chabhlach Ríoga. Níos tábhachtaí ná sin ba threascairt eile ar Chonradh Versailles an Comhaontú Cabhlaigh Angla-Ghearmánach. An difear a bhí ann go raibh tír de na tíortha a shocraigh Conradh Versailles anois á bhriseadh i gcuideachta na Gearmáine.



Saighdiúirí na Gearmáine

*Foinse A*

Bhí iontas ar gach duine . . . nuair a shínigh Hitler Comhaontú neamhionsaitheach leis an Pholainn . . . dúirt Hitler go príobháideach ag an am . . . "Níl rún ar bith agam cairdeas ar bith a bheith agam leis an Pholainn".

**Dearcadh staraithe ar an Chomhaontú Neamhionsaitheach a síníodh idir an Ghearmáin agus an Pholainn in Eanáir 1934.**




'Tríd an toil mhíleata tiocfaidh an neart míleata' an mana atá ag an phóstaer Naitsíoch seo.

# An Ghearmáin Naitsíoch



Hitler agus Príomh-Aire na Breataine, Neville Chamberlain.


**1. Nuair a ceapadh Hitler ina Sheansailéir i 1933 cad chuige a raibh air bheith iontach cúramach ina pholasaí eachtrach?**

**2. Cad chuige ar shínigh Hitler Comhaontú Neamhionsaitheach leis an Pholainn i 1934?**

**3. Cad chuige a raibh tíortha eile san Eoraip buartha faoin Ghearmáin faoi 1935? Cad é an fhianaise atá againn go raibh tíortha buartha?**

**4. Cad chuige a raibh an Comhaontú Cabhlaigh Angla-Ghearmánach ina bhua suntasach ag Hitler?**


**5. Tarraing amlíne ag léiriú na n-eachtraí difriúla a thit amach i bpolasaí eachtrach na Naitsithe idir 1933 agus 1935.**



**Tasc Breise**

Cad iad na fáthanna a mbeadh Hitler sásta leis an mhéid a bhain sé amach ina pholasaí eachtrach sna blianta 1933-35?

*Ná déantar dearmad*



*Caithfidh tú bheith ábalta a thaispeáint go dtuigeann tú cad chuige agus cad é an dóigh a raibh Hitler cúramach sna blianta 1933-35 maidir lena pholasaí eachtrach.*




'Neart tola an náisiúin is ea an Sóisialachas Náisiúnta'.

# Aonad 9: An Ghearmáin Naitsíoch ag Leathnú Amach, 1934-1938



Shíl Neville Chamberlain go dtiocfadh leis cogadh a sheachaint trí ghéilleadh d'éilimh Hitler.

### Réamhrá

De réir fhealsúnacht na Naitsithe bhí na Gearmánaigh uilig a bhí ina gcónaí taobh amuigh den Ghearmáin le bheith aontaithe i n Gearmáin Mhór. Bhí sé de rún ag Hitler tairbhe a bhaint as an eagla a bhí ar rialtas na Breataine agus ar rialtas na Fraince faoina pholasaithe agus an leisce a bhí orthu cogadh eile a thosú.

Léiríodh an eagla seo tríd an bheartas géillte is síthe a bhí ag an dá rialtas. Bhí leisce ar an Fhrainc agus ar an Bhreatain dúshlán Hitler a thabhairt faoin pholasaí seo. B'fhearr leo caint agus plé a úsáid le déileáil le héilimh Hitler in ionad fórsa míleata a úsáid le Conradh Versailles a dhaingniú. Idir 1934 agus 1938 lean leathnú na Gearmáine ar aghaidh gan cur in éadan ar bith ón Fhrainc ná ón Bhreatain de bharr an pholasaí géillte is síthe s'acu. Bhí Príomh-Aire na Breataine ó 1937 ar aghaidh, Neville Chamberlain, an-tiomanta don pholasaí géillte is síthe. De réir mar a ghéill Chamberlain d'éilimh Hitler mhothaigh Hitler go raibh an Bhreatain agus an Fhrainc lag.

### Dúiche na Réine, Márta 1936


Chuir Hitler tús leis an chéad sárú míleata ar Chonradh Versailles ar 7 Márta 1936. D'ordaigh sé do 15,000 saighdiúir agus 22,000 póilín dul isteach i nDúiche na Réine. Ní raibh cead ag arm na Gearmáine dul isteach i nDúiche na Réine faoi Chonradh Versailles mar go raibh an Fhrainc buartha faoi ionsaí eile ón Ghearmáin. Bhí a fhios ag Hitler go raibh a arm measartha lag go fóill agus bhí orduithe ag a chuid trúpaí tarraingt siar dá gcuirfeadh arm na Fraince ina éadan (Foinse A). Ní dhearna an Fhrainc rud ar bith, áfach. D'admhaigh Hitler go raibh sé ag dul sa seans nuair a chuir sé a chuid saighdiúirí isteach i nDúiche na Réine ach bhí an lá leis. Ní dhearna na Sasanaigh rud ar bith ach an oiread.

Bhí trúpaí na Gearmáine lonnaithe ar theorainn na Fraince don chéad uair ó bhí deireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda ann. Thóg an Ghearmáin dúnta agus stáisiúin mhíleata ar an teorainn iartharach seo agus tugadh 'Balla an Iarthair' orthu. Bhí teorainneacha iartharacha a thíre daingnithe ag Hitler gan troid ar bith agus bhí sé ábalta a aird iomlán a dhíriú anois ar theorainneacha oirthearacha na Gearmáine.



Saoránaigh Ghearmánacha ag beannú do shaighdiúirí na Gearmáine ar a mbealach isteach i nDúiche na Réine.

# An Ghearmáin Naitsíoch



D'éirigh Hitler agus Mussolini mór le chéile.

## Polasaí Eachtrach, 1935-7

I ndiaidh athmhíleatú a dhéanamh ar Dhúiche na Réine chuir Hitler luas lena pholasaí eachtrach (mar a bhí leagtha síos i *Mein Kampf*). Faoi Shamhain 1936 bhí conarthaí sínithe aige leis an Iodáil (Ais na Róimhe agus Bheirlín) agus leis an tSeapáin (an Comhaontú Frith-Comintern).

Chuir sé trúpaí le cuidiú leis an Ghinearál Franco i gCogadh Cathartha na Spáinne. Rinne an Luftwaffe cleachtadh ar mhodhanna buamála ansin (mar shampla an bhuamáil a rinneadh ar Guernica nuair a úsáideadh *Blitzkreig* den chéad uair). D'úsáid na Gearmánaigh na modhanna seo nuair a thosaigh an Dara Cogadh Domhanda.

D'ordaigh Hitler do Göring geilleagar cogaidh a chruthú lena Phlean Ceithre Bliana i mí Mheán Fómhair 1936. I 1937 dúirt Hitler lena chuid ginearál go rúnda go mbeadh gá le cogadh mór faoi lár na 1940í. Faoi 1938 bhí an Ghearmáin ina tír láidir arís ach ní raibh siad réidh faoi choinne cogadh mór go fóill. Bhí i bhfad níos mó acmhainní nádúrtha agus teicneolaíochta de dhíth ar an tír.

## Anschluß, Márta 1938

Rinne Naitsithe na hOstaire iarracht ar chumhacht a tharraingt chucu féin san Ostair in Iúil 1934. Níor thug Hitler cuidiú ar bith dóibh ar an ábhar go príomha gur bhagair an Iodáil go gcuirfeadh siadsan saighdiúirí leis an Ostair a chosaint dá mba ghá. Faoi 1938 bhí scéal eile ar fad ann: ba í an Iodáil anois an comhghuaillí ba láidre a bhí ag an Ghearmáin agus mhothaigh Hitler go raibh an t-arm láidir go leor le *Anschluß* a bhaint amach lena thír dhúchais.

Go luath sa bhliain 1938, chuir Hitler brú ar Sheansailéir na hOstaire comhoibriú níos mó leis an Ghearmáin. Bhí Schuschnigg chomh buartha sin faoi thionchar na Gearmáine ar a thír gur eagraigh sé pobalbhreith faoi thodhchaí na hOstaire. Bhí sé ag súil go gcaithfeadh an daonra vóta in éadan *Anschluß* leis an Ghearmáin. Bhí Hitler ar buile. D'éiligh sé go gcuirfí ar ceal an phobalbhreith agus go n-éireodh Schuschnigg as oifig. Rinne Schuschnigg amhlaidh agus ghlac Naitsí Ostarach, Artur Seyess-Inquart, a áit. D'iarr seisean ar Hitler láithreach trúpaí a



Fáilte á cur roimh Hitler san Ostair, go díreach i ndiaidh an Anschluß.

# An Ghearmáin Naitsíoch



Kurt von Schuschnigg, Seansailéir na hOstaire, a ghéill do bhagairtí Hitler.

chur isteach ina thír. Bhog trúpaí na Gearmáine isteach san Ostair ar 12 Márta 1938 agus chuir an chuid ba mhó de mhuintir na tíre fáilte rompu (Foinse C).

Ba thábhachtach an eachtra an *Anschluß* leis an Ostair i bpolasaí eachtrach Hitler, ar roinnt cúiseanna:

- Bhí an t-aontas idir an Ghearmáin agus an Ostair, a bhí cosctha faoi Chonradh Versailles, bainte amach ag Hitler.
- Ba é an chéad chéim é i dtreo na Gearmáine Móire (Großdeutschland) agus na Gearmánaigh uilig a aontú.
- Ba é an eachtra seo an chéad choncas ar stát a bhí taobh amuigh de theorainneacha na Gearmáine i 1914.
- Chuir an Ghearmáin an Ostair faoina smacht gan oiread agus urchar amháin a scaoileadh. Chuir sé sin le híomhá Hitler agus d'athraigh sé an comhthéacs idirnáisiúnta.

## Géarchéim na Súidéatlainne

Dhírigh Hitler a aird ar an tSeicslóvaic (Foinse D). Faoi Mheán Fómhair 1938 bhí feachtas bolscaireachta tosaithe aige in éadan na Seicslóvaice agus é ag tarraingt airde ar na trí mhilliún Gearmánach a bhí ina gcónaí ar theorainn na Gearmáine in áit darbh ainm an tSúidéatlainn, ina raibh go leor mianraí agus acmhainní nádúrtha.


Tháinig imní ar an Bhreatain go raibh baol cogaidh ann agus d'eitil Príomh-Aire na tíre, Neville Chamberlain, go teach saoire Hitler in Berchtesgaden ar 15 Meán Fómhair 1938. D'éiligh Hitler go dtabharfaí don Ghearmáin gach cuid den tSúidéatlainn ina raibh 50% den daonra ina nGearmánaigh. Chuir an Bhreatain agus an Fhrainc brú ar an tSeicslóvaic agus taobh istigh de sheachtain ghlac siad leis na téarmaí seo.

Mhéadaigh Hitler a éilimh agus dúirt go raibh an ceantar uilig le bheith tugtha don Ghearmáin faoin chéad lá de Dheireadh



D'úsáid na Naitsithe bolscaireacht lena chur in iúl go raibh fáilte roimh na hathruithe teorann, mar a tharla anseo sa tSúidéatlainn.

# An Ghearmáin Naitsíoch




Fómhair. Dhiúltaigh na Seicigh agus tháinig deireadh leis na cainteanna. Bhí eagla ar na cumhachtaí Eorpacha go mbeadh cogadh ann agus ghlac siad le moladh Chamberlain go mbeadh comhdháil ann le réiteach a shocrú ar an ghéarchéim seo. Sular thosaigh an chomhdháil mhaígh Hitler go mbeadh an t-éileamh seo ar an éileamh talaimh deireanach a dhéanfadh sé san Eoraip.

### Comhdháil München, 29-30 Meán Fómhair 1938

Ba í iarracht dheireanach Chamberlain í ar chogadh a sheachaint an chomhdháil in München. Bhí an cruinniú seo mar bharrphointe an pholasaí géillte is síthe fosta. D'fhreastail ceannairí na Fraince (Daladier) agus na hIodáile (Mussolini) ar an chomhdháil chomh maith le Hitler agus Chamberlain. Fágadh príomh-chomhghuaillí na Seicslóvaice amach as an chomhdháil agus níor tugadh cuireadh don tSeicslóvaic féin bheith i láthair.

D'aontaigh an chomhdháil ar an tSúidéatlainn a thabhairt don Ghearmáin agus rinne Hitler roinnt geallúintí doiléire faoi phobalbhreith a bheith ann agus faoi neamhspleáchas na Seicslóvaice a chaomhnú. Ba bhua iontach an eachtra seo do Hitler agus fuair sé gach rud a bhí uaidh gan urchar a scaoileadh. Ba shuntasach go raibh an chuid ba mhó de ghréasán cosantach na Seicslóvaice mar chuid den Ghearmáin Mhór.

### Impleachtaí

I ndiaidh Chomhdháil München shíl Hitler nach raibh le déanamh aige ach cogadh a bhagairt le go mbeadh na Sasanaigh agus na Francaigh sásta géilleadh dá chuid éileamh. In ionad Hitler a bheith sásta leis an mhéid a bhain sé amach ní dhearna géilleadh is síthe ach fonn cogaidh ní ba dhiongbháilte a chur air. Lig an beartas géillte is síthe don Ghearmáin leathnú amach agus rinneadh tír ní ba chumhachtaí as an Ghearmáin. Ba bheag an seans go n-éireodh le taidhleoireacht fadhbanna ar bith eile a réiteach ina dhiaidh sin.

# An Ghearmáin Naitsíoch

*Foinse A*

Níos mó ná uair amháin, fiú le linn an chogaidh, chuala mé Hitler a rá: "Bhí an 48 uair a chloig i ndiaidh na máirseála go Dúiche na Réine ar na huaireanta ba mhó brú i mo shaol." Dúirt sé i gcónaí, "Dá ndéanfadh an Fhrainc ionradh ar Dhúiche na Réine bheadh orainn ár gcuid saighdiúirí a tharraingt siar agus a n-eireaball idir a dhá gcos, óir na hacmhainní míleata a bhí ar lámh againn bheadh siad go hiomlán gan úsáid fiú in éadan frithionsaí measartha ón Fhrainc."

**Cuntas a scríobhadh i 1949 ag aistritheoir Hitler ar a chuid mothúchán fá dtaobh d'athmhíleatú Dhúiche na Réine.**

*Foinse B*

Ní raibh na Gearmánaigh ach ag dul isteach ina ngairdín cúil féin.

**An Tiarna Lothian ag trácht ar athmhíleatú Dhúiche na Réine, Márta 1936.**

*Foinse C*

Cad é an choir atá déanta againn ar thír ar bith, cé ar sháraigh muid a leasa, nuair atáimid ag cur leis an mhian atá ag formhór dhaonra na hOstaire bheith ina nGearmánaigh?

**Hitler ag míniú cad chuige a raibh an Anschluß leis an Ostair ceart, Márta 1938.**



# An Ghearmáin Naitsíoch

*Foinse D*

Bhí an Führer chun ceist na Seice a shocrú fiú dá mbeadh cogadh domhanda mar thoradh air.

**Taifead Roinn Gnóthaí Eachtracha na Gearmáine faoi chruinniú a bhí ag Hitler le Príomh-Aire na hUngáire i Meán Fómhair 1938.**

**1. Mínigh an polasaí géillte is síthe. Cad chuige ar lean an Bhreatain agus an Fhrainc an polasaí seo?**

**2. Cén dóigh ar pointe tábhachtach i bpolasaí eachtrach Hitler é an t-athmhíleatú ar Dhúiche na Réine?**

**3. Cad chuige a raibh Hitler ábalta cuidiú le Naitsithe na hOstaire i 1938 ach nach raibh sé ábalta a leithéid a dhéanamh i 1934?**

**4. Cad chuige ar mhian le Hitler smacht a bheith aige ar an tSúidéatlainn?**

**5. Cé acu seo a leanas a shílfeadh gur bua nó teip í comhdháil München:**

- **An Ghearmáin**
- **An Bhreatain agus an Fhrainc**
- **An tSeicslóvaic agus APSS**

**Mínigh do fhreagra.**


**6. Cruthaigh amlíne ag léiriú ghníomhartha Pholasaí Eachtrach Hitler ó 1934 go 1938.**

## Tasc Breise



Ar éirigh leis an pholasaí géillte is síthe nó an amhlaidh gur theip air?

## *Ná déantar dearmad*



*Tá sé tábhachtach go dtuigeann tú an dóigh ar lig géilleadh is síthe do Hitler a chumhacht a mhéadú agus ar thaispeáin sé dó nach ndéanfadh an Bhreatain ná an Fhrainc rud ar bith lena stopadh!*


# Aonad 10: *Lebensraum* agus an Dara Cogadh Domhanda

## Réamhrá

Chomh fada siar le 1920, bhí Hitler ag maíomh go raibh sé riachtanach ag na Gearmánaigh tailte nua a bhaint amach. Mhínigh sé a thuairimí faoi *Lebensraum* ina leabhar *Mein Kampf* agus sa Leabhar Rúnda a scríobh sé i 1928 (Foinse A). Nuair a tháinig sé i gcumhacht i 1933 bhí an chuma ar an scéal nach mbeadh an Ghearmáin láidir go leor choíche lena leithéid de thalamh a ghnóthú.
Mar sin féin i 1939 bhí an Ghearmáin ag an phointe go dtiocfadh le Hitler smaoineamh faoi leathnú amach a dhéanamh soir i dtreo na Polainne agus na Rúise. Bhí an tír atharmáilte agus leis an mhéadú ar a neart míleata bhí sé ar a cumas ag an Ghearmáin an spás áitrithe a bhí uaithi a fháil.

## Scrios na Seicslóvaice, Márta 1939

I ndiaidh do Hitler an tSúidéatlainn a fháil i nDeireadh Fómhair 1939 shíl go leor daoine go raibh an chuid eile den tSeicslóvaic ar a shúile aige. Cruthaigh ar tharla ina dhiaidh go raibh an ceart acu: i Márta 1939 chuir Hitler iallach ar an Uachtarán Seiceach, Emil Hácha, an chuid eile dá thír a thabhairt don Ghearmáin. Ar 16 Márta ghlac an Ghearmáin seilbh ar an Bhoihéim agus an Mhoráiv, cúigí de chuid na Seicslóvaice. Bhí talamh, nach talamh Gearmánach é, á chur faoi smacht ag Hitler den chéad uair.




An Ghearmáin Mhór faoi 1 Meán Fómhair 1939.

# An Ghearmáin Naitsíoch


Hitler agus Mussolini.

Bhreathnaigh an Bhreatain agus an Fhrainc ar an tSlóvaic – an t-aon chuid den Seicslóvaic a bhí fágtha – le linn do Hitler í a chur faoi chosaint na Gearmáine. Ní dhearna na tíortha sin rud ar bith faoi ghníomhaíochtaí Hitler ach gearán. Ní haon ionadh é nár thug Hitler aird ar bith ar ghearáin na gcomhghuaillithe agus d'éiligh sé agus fuair sé Memel ón Liotuáin.

D'aithin na Francaigh agus na Briotanaigh nach dtiocfadh leo muinín ar bith a bheith acu as Hitler. Ba léir dóibh go mbeadh orthu gníomhú le smacht na Gearmáine ar an Eoraip a chosc (Foinse B). Thug an dá chumhacht barántas slándála don Pholainn ar 31 Márta 1939. Níor shíl Hitler a mhór den fhreagra seo mar go raibh sé den bharúil go mbeadh sé iontach deacair ag an Bhreatain agus ag an Fhrainc cuidiú leis an Pholainn. I mBealtaine 1939 chur sé in iúl go soiléir dá ghinearáil gurbh í an Pholainn an chéad sprioc eile a bhí aige.

Idir Aibreán agus Lúnasa 1939 mhéadaigh teannas i gcaidrimh idirnáisiúnta go mór. I mBealtaine 1939 shínigh an Ghearmáin agus an Iodáil comhghuaillíocht mhíleata, Comhaontú na Cruach, agus tháinig borradh faoi ullmhúcháin arm na Gearmáine don chogadh leis an Pholainn. Idir an dá linn thosaigh rialtas na Gearmáine a dhéanamh bagairtí faoi chathair Danzig.



### An Comhaontú Naitsí-Shóivéadach

Níorbh é *Lebensraum* an t-aon aidhm amháin a bhí ag Hitler ina pholasaí eachtrach. Ba mhian leis an Rúis chumannach a scriosadh fosta. Bhí ionadh ar thíortha eile na hEorpa nuair a shínigh an Ghearmáin Naitsíoch agus an Rúis Shóivéadach, dhá namhaid idé-eolaíochta, an Comhaontú Naitsí-Shóivéadach ar 23 Lúnasa 1939.

Aire Gnóthaí Eachtracha na Rúise, Molotov, ag síniú an Chomhaontaithe Naitsí-Shóivéadaigh. Tá Von Ribbentrop, Aire Gnóthaí Eachtracha na Gearmáine agus Stailín, Ceannaire na Rúise, ina seasamh ar a chúl faoi phictiúr de Leinín.

# An Ghearmáin Naitsíoch

Chomh maith le gealltanas gan ionsaí a dhéanamh ar a chéile ar feadh deich mbliana bhí clásal rúnda sa chonradh seo a shocraigh go roinnfí talamh na Polainne idir an dá thír. Bhí an conradh tábhachtach do Hitler mar thiocfadh leis ionsaí a dhéanamh ar an Pholainn gan a bheith buartha go dtroidfeadh arm na Rúise ina éadan. Thuig tíortha na hEorpa na himpleachtaí a bhain leis an chonradh seo don Pholainn.




Cartún Sasanach ag léiriú Hitler agus Stailín i ndiaidh an Chomhaontaithe Naitsí-Shóivéadaigh.

## Ionradh ar an Pholainn, Meán Fómhair 1939

Chuir an Comhaontú Naitsí-Shóivéadach deireadh leis an bhagairt intuigthe a bhain leis an bharántas Angla-Fhrancach a tugadh don Pholainn lena slándáil a chosaint. Mar sin, ar 1 Meán Fómhair 1939, chuir na Gearmánaigh deireadh leis an fhanacht agus d'ionsaigh siad an Pholainn. D'fhógair an Bhreatain agus an Fhrainc cogadh ar an Ghearmáin dhá lá ina dhiaidh sin. Faoi 17 Meán Fómhair 1939, nuair a rinne na Rúisigh ionradh ar an Pholainn ón oirthear, bhí cur in éadan míleata na Polainne scriosta ag na Gearmánaigh i 'leath s'acusan' den tír.

Ní amháin go raibh Hitler ag comhlíonadh aidhm *Lebensraum* agus é ag déanamh ionraidh ar an Pholainn ach laghdaigh an t-ionradh an brú eacnamaíoch a bhí ar an Ghearmáin trí acmhainní nádúrtha a bhí de dhíth go géar a ghnóthú don gheilleagar.



## Ionradh ar an Rúis, Meitheamh 1941


In Aibreán 1940 rinne saighdiúirí na Gearmáine forghabháil ar an Danmhairg agus ar an Iorua. I mBealtaine na bliana céanna rinne an Ghearmáin ionradh ar an Ísiltír, an Bheilg agus an Fhrainc.

Bhí trúpaí na Fraince, na Beilge agus na hÍsiltíre cloíte ag na Gearmánaigh taobh istigh de shé seachtaine. Chomh maith leis sin bhí na saighdiúirí Briotanacha uilig a bhí ag cosaint na dtíortha seo marbh, ina bpríosúnaigh nó brúite siar thar farraige anonn go Sasana.

Baineadh úsáid as go leor bád beag le saighdiúirí cloíte na Breataine a thabhairt slán as tuaisceart na Fraince. Dunkerque an áit ar chríochnaigh arm na Breataine i ndiaidh don Ghearmáin iad a bhrú siar.

# An Ghearmáin Naitsíoch

D'fhan smachtú na Rúise mar phríomhaidhm ag Hitler, áfach, de bharr na ndifríochtaí idé-eolaíochta agus ós san oirthear a bheadh an spás áitrithe le gnóthú ag na Gearmánaigh (Foinse C). Thosaigh Hitler a phleanáil ionraidh s'aige ar an Rúis ó lár 1940 ar aghaidh. Ar 22 Meitheamh 1941, thosaigh Oibríocht Barbarossa, ionradh na Rúise. Bhí an chuma ar Hitler go raibh lúcháir air go raibh sé tosaithe ar a mhianaidhmeanna a chur i gcrích agus *Lebensraum* a bhaint amach don Ghearmáin. Bhí air moill míosa a chur ar an ionradh le haire a thabhairt don chogadh i gcodanna eile den Eoraip agus den Afraic. Ba bheag a thuig se go mbeadh an mhoill seo ar cheann de na fáthanna ar theip air go fadtéarmach.




**Oibríocht Barbarossa:** Ionsaí Hitler ar an Aontas Sóivéadach.

# An Ghearmáin Naitsíoch

*Foinse A*

Ní fheiceann cine fuinniúil folláin gur peaca é talamh nua a ghabháil . . . ach rud atá nádúrtha. Mar sin, beidh náisiún folláin ábalta dóigheanna a fháil lena chríocha a chur in oiriúint don daonra atá aige.

**Sliocht as Leabhar Rúnda Hitler a scríobhadh i 1928.**

*Foinse B*


Níor thuig Hitler an tionchar a bhí ag eachtraí Mhárta 1939 ar mheon an phobail sa Bhreatain. Thar oíche, cailleadh meas iomlán ar ghéilleadh agus síthe.

**An staraí William Carr ag trácht ar an dearcadh a bhí ag tíortha an iarthair ar scrios na Seicslóvaice i Márta 1939.**

*Foinse C*

Bhí comhoibriú leis an Aontas Sóivéadach . . . ina ualach trom orm.

**Teachtaireacht ó Hitler go Mussolini an lá sular thosaigh ionradh na Rúise.**



Hitler i bPáras. Ba mhór an chaithréim ag Hitler fórsaí na Fraince a chloí taobh istigh de roinnt seachtainí.

# An Ghearmáin Naitsíoch




Trúpaí Gearmánacha taobh istigh den Rúis. Tugtar faoi deara gur chuir na Gearmánaigh comharthaí Gearmánaise in airde.

**1. Cad chuige ar lean Hitler air ag glacadh seilbhe ar thalamh in ainneoin na ngealltanas a thug sé ag Comhdháil München?**

**2. Cad é an freagra a bhí ag an Bhreatain agus ag an Fhrainc i leith thitim na Boihéime agus na Moráive? Cad chuige nach raibh sé seo ina chúis bhuartha ag Hitler?**

**3. Cé chomh suntasach agus a bhí síniú an Chomhaontaithe Naitsí-Shóivéadaigh i Lúnasa 1939?**

**4. Cé chomh maith is a d'éirigh leis an Ghearmáin sa chogadh le linn 1939 agus 1940?**

**5. Cad chuige a ndearna Hitler ionradh ar an Rúis i Meitheamh 1941?**

**6. Cruthaigh amlíne a léiríonn gníomhaíochtaí pholasaí eachtrach Hitler ó 1939-1941.**



## Tasc Breise

Nár chóir don Bhreatain agus don Fhrainc cogadh a fhógairt ar an Ghearmáin i bhfad roimh Mheán Fómhair 1939?


### *Ná déantar dearmad*



*Tharla rudaí go gasta i bPolasaí Eachtrach na Gearmáine idir 1939 agus 1941. Déan cinnte de go dtuigeann tú agus go bhfuil tú ábalta na rudaí a tharla le linn na mblianta seo a mhíniú. Caithfidh tú bheith ábalta a rá cé acu d'éirigh le polasaí eachtrach na Gearmáine nó nár éirigh.*

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

www.aisaonad.org



*Diarmaid Ua Bruadair*

Stair GCSE

# An Ghearmáin Naitsíoch